



SELF HELP  
**Africa  
Alive**  
An Afraic Bheo

LEABHAR 3

# SLÁINTE & OIDEACHAS

# Intreoir

Is é atá sa leabhar seo ná an tríú ceann sa tsraith ag Self-Help Development International. Sa chéad leabhar, a bhfuil an t-uisce mar ábhar aige, tugtar léargas dúinn faoina thábhachtaí is atá an t-uisce i saol gach duine. Sa dara leabhar, a bhfuil Bia, Talamh & Crainn mar ábhar aige, léirítear dúinn a thábhachtaí is atá na ceisteanna seo do na milliúin duine i dtíortha atá faoi fhorbairt. Sa dara leabhar ardaíodh a lán ceisteanna a cheanglaíonn muidne le fadhbanna na dtíortha atá faoi fhorbairt agus tugadh moltaí gníomhaíochta.

Is é príomhchuspóir an tríú leabhar seo ná daoine a chur ag smaoineamh tuilleadh faoi cheisteanna agus faoi fhadhbanna simplí laethúla i saol na ndaoine atá i dtíortha atá faoi fhorbairt. Sa leabhar seo, a phléann ceisteanna “Sláinte & Oideachais”, scrúdaímid an chéad chéim eile ar dhréimire na forbartha. Tá sé an-tábhachtach a thuiscint go dtéann na ceisteanna seo i bhfeidhm ar shaol na ndaoine sna bailte agus sna cathracha agus freisin i sráidbhailte beaga, ar fheirmeacha agus i bpobail na hAfraice.

Tugann na fíricí, faoin líon leanaí nach bhfuil deis acu dul ar scoil agus an líon daoine fásta nach bhfuil in inmhe léamh ná scríobh, léargas dúinn faoi cé chomh bunúsach is atá na fadhbanna, agus léiríonn siad dúinn go bhfuil réitigh shimplí ar fáil ach nach bhfuil acmhainní agus airgead ar fáil nó go gcaitear iad ar thosaíochtaí eile rialtais.

Tá sé i gceist leis an leabhar seo an bhearna a líonadh idir an chéad agus an dara leabhar i dtéarmaí raoin aoise agus chumais. Scríobhadh na hailt le freastal a dhéanamh ar ranganna sinsearacha ar an mbunscoil agus ar ranganna sóisearacha ar an meánscoil. Tá sé i gceist go n-úsáidfí an leabhar i roinnt réimsí ábhair éagsúla. Ciallaíonn sin go scrúdófaí na ceisteanna ó pheirspíochtaí éagsúla.

Úsáideadh íomhánna ardchaighdeáin le cabhrú leis na suíomhanna éagsúla a thaispeáint. Tá sé an-tábhachtach féachaint ar na híomhánna seo go cúramach agus am a chaitheamh ag plé an méid a thaispeánann siad.

Tá ceisteanna agus cleachtaí gearra ar fáil ag deireadh gach scéil le deis a thabhairt athbhreithniú a dhéanamh agus dul i mbun gníomhaíochta ansin. Cuirtear béim ar an rud atá i gceist leis an oideachas, ‘eolas a spreagann gníomhaíocht agus a chuireann ar



: Fáilte chroíúil (An Mhaláiv)

chumas daoine athruithe a chur i bhfeidhm.’

Scaipeadh tacar leathán oibre ar fud an leabhair. Is é an múinteoir a threoraíonn agus a chabhraíonn leis na daltaí ó thaobh an eolais nua de, eolas a spreagann gníomhaíocht agus athrú.

Tá súil agam go bhfuil an leabhar úsáideach agus tairbheach daoibh. Más mian libh cóipeanna a fháil de na chéad nó de na dara leabhair sa tsraith bígí i dteagmháil leis na seoltaí srl, a thugtar ar an gclúdach cúil.

Ádh mór leis an obair.

**Dáithí Ó hAodha.**

Is féidir cur chuige traschuraclaim faoi conas an leabhar seo a úsáid a fháil ar leathanach 43

Clúdach: daltaí óga sona sláintiúla (An Mhaláiv)

# Ábhar

- Intreoir
1. Ábhar & Buíochas
  2. An Eiritré
  3. Cás-staidéar 1: Self-Help san Eiritré
  4. Saol na Leanaí san Eiritré
  7. Próifíl de Mhúinteoir ón Eiritré
  8. Tábhacht an Oideachais
  10. Bacainní don Scolaíocht
  12. Sé ghalair is cúis le 90% de Bhásanna
  14. Ag tabhairt aghaidhe ar an nGalar.
  15. Leathán Oibre 1
  16. An Chéinia
  17. Cás-staidéar 2: Self-Help sa Chéinia
  19. Próifíl nua VEIH/SEIF: Mná Óga
  20. Oideachas & VEIH
  22. Straitéis VEIH/SEIF
  25. Easpa Scolaíochta do 100 milliún Leanaí
  26. Plandlann scoile sa Chéinia
  28. Beachaireacht
  29. D'fhéadfadh leis an bpónaire soighe cabhrú in aghaidh an ghalair
  30. Leathán Oibre 2
  31. Ospidéal Butajera
  32. Scéim Imrothlach Dhrugaí
  34. Gníomhaíocht an Phobail don Oideachas
  36. Próifíl Tionscadail - Meánscoil
  37. An tAoire ar Scoil
  39. Fiacha Domhanda
  40. Muintir na hAetóipe i sáinn ag Fáinne Fí
  42. Leathán Oibre 3
  43. Cur chuige Traschuraclaim
  44. Gluais
  46. 20 bliain de Self Help ( ar chlúdach cúil)

Scríofa ag Dáithí Ó hAodha

Leatháin Oibre ag Patsy Toland.

Aistriúchán; Séamus O Murchú

Prof-léamh; Brian Tyers

Maoinithe ag Cúnamh Éireann

Grianghraif le

Stephen O'Brien, David Stephenson, Patsy Toland, George Jacob, Hilary McDonagh agus Eoghan Deegan.

Déaradh ag DesignTactics

Buíochas

Conchúir Ó Muimhneacháin, Coláiste Chríost Rí, Corcaigh

Micheál Ó Ciardha, Coláiste Chríost Rí, Corcaigh

Eric Burke, Coláiste Chríost Rí, Corcaigh

Colm O'Connor, Coláiste Chríost Rí, Corcaigh

David Cole, An Scoil Eorpach, Uccle, An Bhruiséil

Richard Delacour, An Scoil Eorpach, Uccle, An Bhruiséil

Jennifer Woods, An Scoil Eorpach, Uccle, An Bhruiséil

Martina Blackman, An Scoil Eorpach, Uccle, An Bhruiséil

Brendan O'Brien, Coláiste an Easpaig Mhíc Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Cáit Clifford, Coláiste an Easpaig Mhíc Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Colm Ó Mocháin, Coláiste an Easpaig Mhíc Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Máiréad Hogan, Scoil Mhuire & Íde, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.

Alva Neary, Scoil Mhuire & Íde, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.

Michael Dempsey, Scoil De La Salle, Cill Mhantáin.

Dónal Naughton, Scoil De La Salle, Cill Mhantáin.

Des Earls, Scoil De La Salle, Cill Mhantáin.

Clem Mc Cauley, Coláiste Cluain Chaoin, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath.

John Purdue, Coláiste Cluain Chaoin, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath.

Sinéad Edmonds, Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Co. na Mí.

Nicole Garry, Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Co. na Mí.

An. Dr. Joe Putti, Coláiste Naomh Pádraig, Durlas, Co. Thiobraid Árann.

Eamonn Linehan, Lárionad do Shlite Beatha Inbhuanaithe, C.O.C.

An. Dr. Bob Briscoe, An Rannóg Staidéar Comhair, C.O.C.

Paul Keating, Institiúid Thiobraid Árann, Durlas, Co. Thiobraid Árann.

Catherine Corcoran, Institiúid Thiobraid Árann, Durlas, Co. Thiobraid Árann

Paddy Fulham, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach.

Colm Crowley, An Dúcharraig, Co. Chorcaí.

Lizzie Downes, Cómhlámh, Co. Átha Cliath.



# An Eiritré

Tír bhocht de ghaineamhlaigh agus de shléibhte í an tír seo.

Cóilíneacht de chuid na hIodáile a bhí san Eiritré tráth den saol agus níos déanaí bhí Sasana i gceannas uirthi. Faoi riail na hIodáile bhí an Eiritré ar cheann de na tíortha ba thionsclaíche san Afraic, ag iompar a cuid táirgí, stroighin, teicstílí, cosbheart agus beoir ar ghréasán forleathan bóthar agus iarnród.

Aontaíodh an Eiritré leis an Aetóip i 1952, ach san am sin tugadh Réigiún Féinriartha na hEiritré uirthi agus ceadaíodh méid áirithe féinrialach di. I 1962 chuir rialtas na hAetóipe féinriar an réigiúin ar ceal gur ghlac sé seilbh iomlán air.



Chuir seo tús le cogadh cathartha fóchmhar idir Eritrean People's Liberation Front (EPLF) agus rialtas na hAetóipe. Ba é an cogadh ab fhadálaí i stair na hAfraice an lae inniu; mhair sé beagnach 30 bliain, agus cuireadh deireadh leis i lár 1991. Bhí an chogaíocht chomh fóchmhar sin gur cuireadh bac ar aistriú cabhrach idirnáisiúnta le héifeachtaí triomaigh ghéir a mhaolú a tharla sna 1970'í agus sna 1980'í a chuir isteach ar an réigiún iomlán atá taobh ó dheas den Sahára, go háirithe an Aetóip agus an Eiritré.

Tar éis treascairt an deachtóra Aetópaigh Mengistu i 1991, bhunaigh an EPLF rialtas sealadach. I reifreann in Aibreán 1993, vótáil mórchuid de mhuintir na hEiritré ar son an neamhspleáchais.

Mar gheall ar an gcogadh tá an Eiritré ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan. Bíonn mórchuid na ndaoine ag iarraidh greim béil a bhaint amach ó fheirmeoireacht leathchothaitheach

(arbhar Indiach agus sorgam, go príomha).

Tógtar caoirigh agus eallach san Ardchríoch Iárnach, mar a bhíonn sé ag cur fearthainne níos minice, agus sna cnoic agus sna hisealchríocha breachtúra san Iarthar.

D'fhéadfaí turasoireacht agus iascaireacht a fhorbairt ar chósta fada na hEiritré. Tá na príomhphoirt, Massawa agus Aseb, ar an Muir Rua. Tar éis di an neamhspleáchas a bhaint amach bhí cósta iomlán na hAetóipe i seilbh na hEiritré agus bíonn ar an Aetóip Aseb a úsáid anois dá cuid tráchtála coigríche uile.

Tá díospóireacht ar siúl fós faoi cheist na dteorainneacha agus an chósta. Tá síocháin neamhshocair i bhfeidhm idir an dá thír agus rinneadh iarrachtaí idirnáisiúnta áiteamh ar an dá thír glacadh leis agus aitheantas a thabhairt do Chonradh Algiers, 1992, a bhunaigh an Eiritré mar thír neamhspleách.

## Cas-staidéar 1: Self-Help san Eiritré

Tá an Eiritré ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan le hioncam per capita de thart ar US\$180. Tír shléibhtiúil atá inti, a bhfuil an-éagsúlacht ag baint léi, agus tá daonra de thart ar 3.7 milliún aici. In éineacht lena comharsa níos mó, an Aetóip, chuir éifeachtaí an chogaidh agus an triomaigh isteach go mór uirthi le tríocha bliain anuas; dá dheasca sin bíonn sí ag brath go mór ar chabhair bhia. Thosaigh Self Help ag obair san Eiritré i 1994 le tionscadal píolótach beag, mar ar scaipeadh síolta prátaí agus arbhair Indiaigh.

Ina dhiaidh sin, i 1996, bunaíodh tionscadail chomhtháite fhorbartha tuaithe ag Mendefera, 50 ciliméadar taobh ó dheas den phríomhchathair Asmara, agus tionscadal gairneoireachta agus táirgthe barr i 2000 ag Keren, breis is 100 ciliméadar siar ó thuaidh ó Asmara. Tá an dá thionscadal lonnaithe san ardchríoch lárnach mar a bhfuil cuid mhór talaimh fheirme thart ar 2,000 m os cionn leibhéal na farraige. Tá na feirmeacha beag agus bíonn an táirgeacht íseal, agus ós rud é go mbíonn an fhearthainn neamhrialta bíonn mórathruithe ann ó thaobh táirgeadh bia de gach bliain. Dearadh an chéad tionscadal ag Mendefera i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus díriodh ar fheabhsú na gcoinníollacha éiceolaíocha sa cheantar trí: athfhoraoisiú, caomhnú ithreach agus uisce; méadú na soláthar uisce, méadú táirgthe bia, agus

gníomhaíochtaí a dhírítear ar mháithreacha agus ar leanaí, m.sh. bunlitearthacht agus bunuimhríocht, oideachas sláinte agus bunú scéimeanna sábhála agus creidmheasa.

Rinneadh an-dul chun cinn i dtaca le hoiliúint na bhfeirmeoirí, forbairt láithreán náiolainne/taispeána, soláthar caidéal uisce, soláthar ionchur feirme agus cláir a dhíríonn ar na mná. Ach chuir tús an chogaidh leis an Aetóip i 1999 isteach go mór ar an tionscadal, ó cuireadh mórchuid na foirne teicniúla chuig an líne tosaigh. Dá ainneoin sin is uile, de réir meastóireachta den tionscadal i 2003 fuarthas amach gur baineadh cuid mhór amach agus gur thacaigh sé le hidirghabhálacha ábhartha, éifeachtacha agus neamhchostasacha i roinnt réimsí.



Tá sé ríthábhachtach go mbeadh teacht ag daoine ar uisce le barra a tháirgeadh (An Aetóip).

Dúshlán a bhí sa mheastóireacht freisin do Self-Help, i dtaca le micrichreidmheas, ag díriú ar an ngá atá le polasaí ar leith sa réimse seo. Bhí an dara tionscadal, in Keren, níos simplí, mar ar díriodh go príomha ar chúrsaí talmhaíochta. Cuireadh béim ar oiliúint, ar bhaint amach ionchur teicneolaíochta agus talmhaíochta feabhsaithe, ar chothú uiscithe mionscála agus ar chlár do na mná. In ainneoin an chogaidh rinneadh dul chun cinn maith i dtaca leis an tionscadal, cé gur fadhb é go bhfuil na háiteanna faoi thrácht i bhfad óna chéile – fadhb é sin i dtéarmaí tacaíochta agus maoirseachta na ngníomhaíochtaí. Bhí deacrachtaí ag baint leis na scéimeanna uiscithe i gceantar mar a bhfuil na daoine ina bhfánaithe. Leathnaíodh obair Self Help tuilleadh san Eiritré le tionscadal eile ar cuireadh tús leis ag Emmi Haili i 2002, agus cuireadh tús le tionscadal breise ag Gonge i 2004.

# Saol na Leanaí san Eiritré

Is í an Eiritré náisiún is nua na hAfraice. Bhain sí neamhspleáchas amach ón Aetóip i 1991 tar éis cogaidh a mhair 30 bliain. Is mian le muintir na hEiritré a dtír a fhorbairt agus a thógáil chomh mear agus is féidir leo. Tá an-chuid scoileanna á dtógáil agus le déanaí osclaíodh coláiste nua oiliúna múinteoirí le cinntiú go mbíonn deis ag na glúnta atá le teacht scileanna nua a fhoghlaim agus cur lena gcuid eolais. Faigheann mórchuid na leanaí cineál éigin bunoidreachais, ach is dócha gur oideachas an-simplí agus an-bhunúsach a bheidh i gceist, go háirithe sna sráidbhailte beaga. Ní théann ach 30% de na leanaí chuig an meánscoil.

Le linn an chogaidh fhada bhí sé an-deacair bheith i mbun teagaisc agus bíonn ranganna fós rud beag seiftithe. Bíonn cuid de na ranganna ar siúl taobh amuigh faoi chrann agus gan ach clár dubh mar ghléas teagaisc acu. Bíonn na leanaí ina suí ar an talamh, ar chlocha



Áras traidisiúnta 'tukul' (An Aetóip)

nó ar charraigeacha. Is iomaí leanbh nach bhfuil cóipeabhar ná peann luaidhe aige nó aici le bheith ag scríobh; déanann siad iarracht, mar sin cuimhneamh ar a oiread agus is féidir den mhéid a deir an múinteoir nó a scríobhann sé nó sí ar an glár dubh.

Labhraítear roinnt teangacha éagsúla san Eiritré ach ní fhoghlaimíonn gach leanbh conas léamh agus scríobh ina t(h)eanga dhúchais. Is í Tigrinya an phríomhtheanga a labhraítear agus is í seo an teanga is mó a úsáidtear sna bunscoileanna. (Ceann de chúiseanna an chogaidh í an cheist seo). Is é an dara teanga oifigiúil ná an Béarla, arb é teanga oifigiúil na meánscoileanna é.

Tá daoine fásta ann, mná go háirithe, nach raibh ar scoil riamh, agus nach bhfuil léamh ná scríobh acu. Ó baineadh an neamhspleáchas amach tá an bhunscolaíocht saor in aisce. Ioctar táillí fós le dul ar an meánscoil; fágann sin go n-éiríonn a lán daltaí as an scoil idir bunscoil agus meánscoil. San am atá caite is iomaí tuismitheoir nár

thuig an tábhacht a bhaineann leis an scoil, go háirithe do chailíní, agus tháinig athrú ar an scéal ó baineadh an neamhspleáchas amach.

Bíonn beagnach 90% de na daoine san Eiritré ina gcónaí i gceantair thuaithe. Bíonn siad ina gcónaí i 'tukul' (tithe beaga cruinne) a dhéantar as féar, as láib agus as adhmad. Fásann siad arbhar Indiach, cadás, caife agus teff (gránach áitiúil) ar a gceapacha beaga talaimh. Is de láimh a dhéantar mórchuid na hoibre agus bíonn gach ball den teaghlach páirteach inti.

Bíonn ar leanaí a lán oibre a dhéanamh sa bhaile. Bíonn cuid de na leanaí ag obair in áit dul ar scoil, ach bíonn a lán

acu ag obair chomh maith le bheith ag freastal ar an scoil. Tugann cailíní lámh chuidithe trí aire a thabhairt do leanaí óga, bia a ullmhú, pónairí caife a róstadh, adhmad tine a fháil nó uisce a iompar. Tá an obair seo an-tábhachtach ach bíonn sí an-chrua ar dhaoine mar bíonn orthu na mílte a shiúl leis an uisce a fháil, rud atá an-tuirsiúil agus fadálach.

Cabhraíonn na buachaillí trí bhuaichilleach a dhéanamh agus trí shúil a choimeád ar na barra. Cabhraíonn siad freisin chun adhmad tine nó soláthar uisce an lae a fháil. Bíonn ar idir bhuaichillí agus chailíní cabhrú leis an obair sna cuibhrinn, leithéidí gortghlanadh, uiscú na gcuibhreann nó baint an fhómhair. Uaireanta cuirtear leanaí chuig an margadh le hearraí a dhíol don teaghlach.

Is minic a bhíonn sé deacair ag leanaí foghlaim agus a n-aird a dhíriú sa rang tar éis dóibh cúpla uair an chloig a chaitheamh ag obair. Is í an chabhair is mó is féidir a thabhairt do na leanaí seo ná airgead a infheistiú san oideachas sa tslí go mbeidh na scileanna agus an t-eolas acu le saol níos fearr a dhéanamh dóibh féin sa todhchaí.





## Cleachtadh

Samhlaigh gur leanbh 12 bliain d'aois thú san Eiritré agus go bhfuil tú ag scríobh do chín lae don lá. Scríobh cuntas gairid le taispeáint cad a rinne tú. Léirigh do chuntas le pictiúir..

Ag teagasc taobh amuigh (An Mhaláiv)





## Cleachtadh

1. Scríobh próifíl de mhúinteoir sa chuid seo den domhan. (Déan seo le comhoibriú duine de do chuid múinteoirí).
2. Scríobh próifíl de phost a mbeadh spéis agat ann mar shlí bheatha..



# Próifíl de mhúinteoir ón Eiritré

Is múinteoir meánscoile 25 bliain d’aois é Tsehaye Tesfay ag Meánscoil Adi-Urgi i Mendefera, an Eiritré. Múineann sé Eolaíocht Teaghlaigh agus Tomhaltóra, ábhar ar cuid den siollabas Bitheolaíochta é. Déanann daltaí an 9ú bliain staidéar ar an ábhar seo. Cuireadh oiliúint air in Ollscoil Asmara ar feadh 2 bhliain, áit a ndearna sé staidéar ar eolaíocht ghinearálta. Tá sé ag múineadh i scoil Adi-Urgi le 2 bhliain anuas agus bhí sé ag múineadh i scoil eile ar feadh 2 bhliain freisin.

Tá sé neamhphósta agus tá sé ina chónaí i mbaile Mendefera lena mhuintir. Tá 1 deartháir níos óige agus 1 dheirfiúr níos sine aige. Maraíodh a athair sa chogadh neamhspleáchais a mhair 30 bliain.

Tá ceithre bliana de Sheirbhís Náisiúnta (SN) déanta ag Tsehaye; bíonn raon dualgas i gceist ó bheith i do shaighdiúir ar an teorainn leis an Aetóip go tógáil bhóithre nó obair mar mhúinteoir i gceann de bhunscoileanna nó de mheánscoileanna iomadúla na hEiritré. Tá sé fós ar Sheirbhís Náisiúnta agus ní fhaigheann sé ach airgead póca. Faigheann sé NKF500 (Nakfa 10 = €1) in aghaidh na míosa. Tar éis 2 bhliain de Sheirbhís Náisiúnta cuireann an rialtas airgead i dtaisce sa bhanc dó, airgead nach bhfaigheann sé go dtí go scaoiltear saor óna chuid dualgas é. Faoi láthair tacaíonn a mhuintir leis go dtí go mbíonn an t-airgead seo ar fáil. Ba mhaith le Tsehaye leanúint air ag obair mar mhúinteoir nuair a scaoiltear saor ón tSeirbhís Náisiúnta é.

Tosaíonn sé ag obair gach maidin ar 7.30 r.n. Críochnaíonn sé ar 12 meánlae. Bíonn sé ag teagasc 5 lá sa tseachtain. Tugann sé ceachtanna



daltaí airdeallacha (An Aetóip)

príobháideacha do roinnt daltaí le rud beag airgid bhreise a thuilleamh, ach is beag éileamh a bhíonn ann don tseirbhís seo, agus bíonn an pá íseal dá bharr sin.

Níl talamh ag a mhuintir, agus is ar an gcúis sin a dtacaíonn a sheanthuismitheoirí leo, atá ina gcónaí i sráidbhaile beag tuaithe thart ar 30 míle ó Mendefera. Cabhraíonn an teaghlach forleathnaithe – uncailí, aintíní agus col ceathracha ar an dá thaobh – freisin.

Tá Tsehaye ag súil leis go scaoilfear saor ón tSeirbhís Náisiúnta é sna 6 mhí

atá amach romhainn agus tá sé lán dóchais agus de phleananna don todhchaí. Tá súil aige go bhfásfaidh agus go n-éireoidh lena thír óg, an Eiritré, agus í tar éis saoirse a bhaint amach. Tá grá agus meas mór aige ar Uachtarán na tíre, Esaif Afewerke, a throid sa chogadh neamhspleáchais agus ar duine den phobal é. Creideann sé go láidir go bhforbrófar agus go n-úsáidfear acmhainní na tíre do leas an phobail. Is féidir le leithéidí Tsehaye, múinteoir dea-oilte agus an-spreagtha, cur go mór le forbairt na hEiritré.

## Tábhacht an Oideachais

Is léir le fada gur rud an-tairbheach é an bunoidreachas uile-choiteann. Tá dlúthcheangal ann idir oideachas, forbairt dhaonna agus fás eacnamúil agus is dúshraith an daonlathais é.

In Alt 26 de Dhearbhú Uile-Choiteann Cearta an Duine aithnítear an t-oideachas mar bhunriachtanas, chomh maith le bia, foscadh agus uisce.

Deimhníonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe faoi Chearta an Linbh, a chomhaontaigh 192 thír i 1989, an ceart atá ag gach leanbh ar oideachas saor in aisce agus d'ardchaighdeán.



I mbun oibre (An Aetóip)




## Ag an bhFóram Domhanda Oideachais in Dakar i 2000, gheall 164 thír go mbeadh oideachas ar fáil do chách faoi 2015.

Soláthraíonn oideachas na huirlisí agus an t-eolas a theastaíonn ó dhaoine le maireachtáil i ndomhan an lae inniu. Is bonn na foghlama ar feadh an tsaoil é. Spreagann sé muinín agus tugann sé dúinn na scileanna sin a theastaíonn le bheith páirteach i ndíospóireacht phoiblí. Bíonn daoine níos féiniontaofa dá bharr, agus tuigeann siad níos fearr na deiseanna agus na cearta atá acu.

Bronnann oideachas eolas agus scileanna ar theaghlaih le fadhbanna sláinte a bhainistiú, le feabhas a chur ar tháirgeadh bia agus ar chúram leanaí agus le bheith ag pleanáil don todhchaí. Bíonn tuiscint níos fearr ag cailíní agus ag mná ar bhunchúrsaí sláinte, ar chothú agus ar phleanáil teaghlaih. Pósann na mná sin ar cuireadh oideachas orthu níos déanaí agus is lú leanaí a bhíonn acu.

Bíonn leanaí na máithreacha ar cuireadh oideachas orthu níos



Is uirlis luachmhar sa seomra ranga é an clár dubh (An Aetóip)



Ag léamh os ard (An Mhaláiv)

sláintiúla, beathaithe níos fearr agus is dóichí go ndéanfaidh siad freastal, agus go n-éireoidh leo, ar scoil.

Is cabhair é an t-oideachas le cosc a chur ar mhí-úsáid oibre agus ghnéis agus ar thráchtáil leanaí, agus le cosc a chur ar a n-úsáid mar shaighdiúirí.

Is ceann de na huirlisí is éifeachtaí é in aghaidh VEIH/SEIF agus galar eile.

Ardaítear ionchas saoil faoi 2 bhliain do gach 1% de mhéadú sa ráta litearthachta.

Tuillann duine fásta ar cuireadh bunoidreachas air/uirthi dhá oiread is a thuillann duine fásta nár cuireadh aon scoilaocht air/uirthi.

Is féidir feabhas a chur ar fheirmeoireacht trí bhunoidreachas. In Uganda ardaíonn 4 bliana de bhunoidreachas táirgeacht fheirmeora trí 7%.

Is é an t-oideachas an bhunchloch a theastaíonn leis an eolas agus na

scileanna a fháil a theastaíonn le bheith páirteach i agus le leas a bhaint as margaí an domhain agus as athruithe teicneolaíocha.

Le hoideachas is féidir le daoine bheith ar an eolas faoi chúrsaí éagsúla agus tionchar a bheith acu. Soláthraíonn oideachas eolas agus feasacht, rudaí a theastaíonn le caoinfhulaingt agus tuiscint a chothú i measc na ndaoine. San Aetóip tá seans trí huaire níos mó ann go ndéanfaidh na mná sin a bhfuil léamh agus scríobh acu freastal ar chruinniú ina sráidbhaile áitiúil ná mná nár cuireadh aon oideachas orthu.

### Cleachtadh

#### Díospóireacht:

“Is trí mheán an oideachais gur féidir fadhbanna an domhan a réiteach sa lá atá inniu ann..”

# Bacainní don Scolaíocht

Is iomaí fáth nach mbíonn leanaí ag freastal ar scoil. Orthu seo tá cúrsaí airgid, cúrsaí cultúrtha agus an tsochaí ina bhfuil daoine ina gcónaí. Sna cásanna is measa bíonn na fachtóirí seo uile i gceist, rud a chruthaíonn bacainn a fhágann ní hamháin nach gcuirtear oideachas ar leanaí ach a chiallaíonn go gcuirtear todhchaí sochaí iomláine i mbaol.



Ag fáil uisce (An Chéinia)

## Bochtanas

Bíonn beagnach gach leanbh nach mbíonn ag freastal ar scoil bocht. Ní bhíonn sé d'acmhainn ag teaghlaigh íoc as oideachas a gcuid leanaí agus bíonn orthu rogha a dhéanamh maidir le cé acu leanbh a dhéanfaidh freastal ar scoil agus cé acu a fhanann sa bhaile nó a théann ag obair. Tá níos mó baoil ann go n-éireoidh leanaí bochta as an scoil mar gheall ar thinneas, droch-chothú nó iachall a bheith orthu aire a thabhairt do dheartháireacha agus do dheirfiúracha níos óige nó do thuismitheoir atá tinn.

## Táillí Scoile

Ceann de na príomhchúiseanna nach mbíonn leanaí ag freastal ar scoil nó go n-éiríonn siad as an scoil go luath ná na táillí. In alán tíortha bochta is féidir go mbeadh ar dhaoine tuarastal míosa a íoc le leanbh amháin a chur ar an mbunscoil. Méadaíodh clárúithe faoi dhó nó fiú faoi thrí sa Chéinia, in Uganda, sa Tansáin agus sa Mhaláiv tar éis do na tíortha seo deireadh a chur leis na táillí scoile. Ach bíonn ar a laghad 100 tír fós ag gearradh táillí don bhunoideachas.

## Saothar Leanaí

Ní féidir len alán leanaí freastal ar scoil mar go mbíonn orthu bheith ag obair. Obair neamhíoctha a bhíonn ann, den chuid is mó, agus déantar í sa teach nó ar fheirm a teaghlaigh. Is í an Afraic an áit is measa do shaothar leanaí – 41% de na leanaí (bíonn leanbh as gach triúr san Afraic ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha), 21% san Áis agus 17% i Meiriceá Laidineach. San Afraic bíonn ráta an tsaothair leanaí ard agus ráta an fhreastail ar scoil íseal mar gheall ar fhás an daonna,

geilleagair laga, gorta agus cogai.

Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Shaothair go mbíonn 125 milliún leanaí idir 5 – 14 ag obair go lánaimseartha agus go mbíonn 135 milliún eile ag obair go páirtaimseartha.

Bíonn mórchuid na leanaí ag obair mar gheall ar bhochtanas. Sa mheán tuilleann leanaí a bhíonn ag obair thart ar 20-25% d'ioncam an teaghlaigh. Bíonn thart ar 80% d'obair na leanaí neamhíoctha.

## Laofacht Inscne

Déanann cailíní a seacht ndícheall freastal ar scoil agus is minic a éiríonn níos fearr leo ná mar a éiríonn leis na buachaillí ach ní chuirtear scolaíocht orthu ar a lán cúiseanna. De réir CÉINAP cuirtear scolaíocht ar ar a laghad 9 milliún níos mó buachaillí ná cailíní gach bliain. Ach tá nasc anláidir ann idir oideachas na gcailíní agus réimsí eile forbartha daonna; sláinte agus stádas na leanaí, bia, uisce agus forbairt phobail.

## VEIH/SEIF

San Afraic agus i gcodanna den Áis bíonn ar na milliúin leanaí éirí as an scoil mar

gheall ar VEIH/SEIF, cé acu cionn is go bhfuair a dtuismitheoirí bás, nó go mbíonn orthu fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt do ghaolta atá tinn, nó mar go mbíonn orthu bheith ag obair le go mbeidh an teaghlach in ann maireachtáil. I gcásanna áirithe díbrítear dílleachtaí SEIF ón scoil mar gheall ar an eagla agus an aithisiú a bhaineann leis an ngalar.

## Cleachtadh

1. Cad iad na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar fhreastal scoile in Éirinn agus san Eoraip?
2. An dóigh leat go bhfuil aon cheann de na bacainní a luaitear le fáil sa chuid seo den domhan? Más dóigh leat go bhfuil, abair cén áit agus conas.
3. An dóigh leat go gcuireann obair pháirtaimseartha isteach ar an scolaíocht sa chuid seo den domhan?





## Sé ghalar is cúis le 90% de Bhásanna

Líon beag galair is cúis le mórchuid na mbásanna ó ghalair thógálacha; galair iad de ghnáth atá le fáil leis na céadta bliain, agus is minic a dhéanann siad níos mó dochair ná cogaí. I ré ina bhfuil fáil ar vacsaíní agus ar antaibheathaigh agus ina bhfuil dul chun cinn mór eolaíochta le sonrú ba chóir go mbeadh na galair seo faoi smacht cheana. Ach sna tíortha atá faoi fhorbairt bíonn siad fós an-mharfach. Uaireanta – i gcás GSTR, mar shampla – bíonn siad an-mharfach sna tíortha tionsclaithe freisin.



Clinic faoin tuath (An Aetóip)



Sé ghalar mharfacha thógálacha is cúis le leath de na básanna réamhaibí; leanaí agus daoine fásta óga is mó a mharaíonn siad. Is iad na galair atá i gceist ná níúmóine, eitinn, galair bhuinní, maláire, bruitíneach agus le déanaí VEIH/SEIF.

Gach trí shoicind faigheann leanbh óg bás, ó ghalar tógálach de ghnáth. Faigheann leanbh as gach cúigear bás roimh a gcúigiú breithlá. Gach lá faigheann 3,000 duine bás de mhaláire – is leanaí iad triúr as gach ceathrar acu. Gach bliain faigheann 1.5 milliún duine bás mar gheall ar eitinn agus ionfhabhtaítear 8 milliún eile.

Is tragóid dhaonna é gach ceann de na básanna seo mar téann na galair seo i bhfeidhm ar leanaí agus ar dhaoine fásta atá ag saothrú airgid, den chuid is mó. Is féidir leo bheith tubaisteach do theaghlach. Is féidir go gcaillfidh leanaí tuismitheoir amháin, nó an bheirt acu, mar gheall ar ghalair. Tá 8 milliún leanbh ina ndílleachtaí mar gheall ar eipidéim SEIF amháin. Mar bharr ar an donas bíonn an baol ann go mbeidh teaghlach i bhfiacha mar gheall ar thuilleamh cailte agus costais arda chúraim shláinte – rud a fhágann go mbíonn siad sáinnithe i bhfáinne fí an bhochtanaís agus na drochshláinte.

Níúmóine: maraíonn sí seo níos mó leanaí ná aon ghalar tógálach eile. Tarlaíonn mórchuid na mbásanna seo i dtíortha atá faoi fhorbairt. Is minic a bhíonn níúmóine ar leanaí nach mbíonn mórán meáchain iontu ag am na breithe nó ar leanaí a bhfuil an córas imdhíonach lagaithe acu mar gheall ar mhíchóthú nó mar gheall ar ghalair eile. Mura gcuirtear cóir leighis uirthi maraíonn níúmóine an t-othar gan mhoill.

VEIH/SEIF: Tá VEIH/SEIF ar bhreis is 40 milliún duine ar fud an domhain. Níl an chuma ar an scéal go mbeidh leigheas le fáil air go luath. Is í an Afraic taobh ó dheas den Sahára is measa as. I dtíortha áirithe tá VEIH/SEIF ar dhuine fásta amháin as gach triúr. Sa Chéinia tá VEIH ar idir 20% agus 50% de na mná torracha i gceantair áirithe agus tá an baol ann go n-ionfhabhtóidh siad a gcuid leanaí. In



Bíonn ról ríthábhachtach le himirt ag dochtúirí (An Aetóip)

alán tíortha tháinig titim thubaisteach ar ionchas saoil na ndaoine agus ar ráta maireachtála na leanaí. Sa Mhaláiv tá ionchais saoil de 40 bliain ag daoine i gcomparáid le 50 bliain roimhe seo.

Buinneach: Faigheann beagnach 2 mhilliún leanbh faoina cúig bás in aghaidh na bliana mar gheall ar ghalair bhuinní. Bíonn siad an-choitianta sna tíortha atá faoi fhorbairt agus is minic nach n-aithníonn na tuismitheoirí na comharthaí contúirte. Faigheann leanaí bás mar go bhfuil a gcorp lag ag easpa sreabhán agus neamhchothaithe ag easpa bia. Buinneach is cúis le 1.5 billiún babhta tinnis in aghaidh na bliana i leanaí atá faoi 5 bliana d'aois. Is mó an fhadhb i gceantair bhochta mar a bhfuil drochshláintíocht i bhfeidhm, chomh maith le heaspa sláinteachais agus uisce ólacháin neamhshábháilte.

Eitinn: Galar a measadh a bheith faoi smacht lá den tsaol, ach atá i réim arís agus a mharaíonn 1.5 milliún duine sa bhliain (agus níos mó arís in éineacht le VEIH/SEIF). Eitinn is cúis le thart ar an tríú cuid de na básanna ó SEIF inniu. Príomhchúis bháis í an eitinn i measc na mban freisin.

Maláire: Maraíonn an mhaláire milliún duine in aghaidh na bliana – leanaí óga iad seo den chuid is mó. Tarlaíonn mórchuid na mbásanna san Afraic atá taobh ó dheas den Sahára, mar a bhfuil maláire mar chúis bháis amháin as gach cúigear le linn na hóige. Bíonn mná leochaileach le linn toirchis, go háirithe. Is mó an baol go bhfaighidh siad bás den ghalar, go mbeidh ainbhreith acu nó go mbearfear leanbh réamhaibí meáchain

ísil acu. Is féidir leis an maláire leanaí a chloí go mear, agus bíonn fiabhras ard, tríthí agus deacrachtaí anála orthu mar gheall uirthi. I gcás na maláire ceirbrí titeann an leanbh i gcóma agus is féidir leis/léi bás a fháil taobh istigh de 24 uair an chloig. Le breis is 300 milliún cás maláire in aghaidh na bliana cuirtear ualach ollmhór eacnamúil ar theaghlach agus ar rialtais trí chaillteanas oibre agus scolaíochta agus trí chostais arda chúraim shláinte.

Bruitíneach: Seo an galar is tógálaí a bhfuil cur amach ag an gcine daonna air. Maraíonn sí an-chuid leanaí sna tíortha atá faoi fhorbairt; faigheann 900,000 duine bás gach bliain mar gheall uirthi. Is féidir go bhfuil víreas na bruitíní freagrach as níos mó básanna ná aon mhíocrób eile mar gheall ar aimhréidh le níúmóine, buinneach agus míchothú.

## Cleachtadh

1. Faigh amach cad iad na príomhghalair agus na príomhthinnis a chuireann as do dhaoine sa chuid seo den domhan.
2. Cad é ionchas saoil na ndaoine sa chuid seo den domhan?
3. Déan suirbhé de do rang le fáil amach conas a phléann dochtúirí éagsúla le sláinte daltaí an ranga.
4. Cad iad na hospidéil agus na háiseanna sláinte atá le fáil i do cheantar áitiúil?
5. Cad iad na ceisteanna is tábhachtaí le sláinte mhaith a chinntiú duit féin agus do bhaill eile do ranga?

# Ag Tabhairt Aghaidhe ar an nGalar



Ní mór gur tosaíocht é dul i ngleic le galair na leanaí (Uganda)

Is é an rud is measa ná go bhfuil na réitigh an-simplí. 'Tá gach rud domhandaithe againn seachas sláinte na ndaonraí' arsa an Dochtúir Debarati Guha-Sapir, speisialaí córas sláinte agus taighde feidhmíochtaí ag Ollscoil Louvain na Beilge. 'Is fíorbhagairt é domhandú an ghalair a bhfuil beagnach gach duine ag déanamh neamhairde de. Tá an domhan róbheag. Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de ghalair. De réir a chéile tuigeann an tIarthar go mbaineann contúirtí an bhochtanaís agus na ndroch-choinníollacha maireachtála i dtíortha atá faoi fhorbairt le hábhar dó.'

Tá an teicneolaíocht agus an t-eolas againn le cosc a chur ar bhuinneach agus ar bhruitíneach, na galair a mharáíonn leanaí. Ach gach lá faigheann 3,000 leanbh bás den bhuinneach san Afraic. D'fhéadfaí cosc a chur ar na básanna seo trí ath-íodráitíú béil\* - salann, siúcra agus uisce, tuaslagan an-saor, ach is ceann de na rudaí is mó a mharáíonn leanaí í an bhuinneach fós.

Tá a lán ceisteanna ann ar chóir dóibh fearg a chur orainn le himeacht na mblianta sa mhílaois nua seo. Ní mór aghaidh a thabhairt láithreach ar cheisteanna den chineál seo: ceist neamhaird na dtíortha saibhre i dtaca leis na tíortha bochta, agus impleachtaí na neamhairde sin do shláinte na ndaoine; easpa éifeachta na cabhrach forbartha agus na tacaíochta cúraim shláinte; na rialtais agus na bronntóirí a bheith i bhfolach faoi sciath airgid ach iad gan a bheith sásta dul i ngleic le bunchúiseanna na ngalar; agus líon na leanaí a fhaigheann bás ó ghalair arbh fhéidir cosc a chur orthu.

Cuireann polaiteoirí réitigh ghearrthéarmacha i bhfeidhm ach teastaíonn freagra domhanda. Tá sé níos éasca airgead a chaitheamh ar fhadhb le bheith ag iarraidh é a leigheas ná iarracht a dhéanamh gan ligint don fhadhb a bheith ann sa chéad dul síos, rud atá i bhfad níos deacra agus nach bhfuil chomh feiceálach céanna. Ní bhíonn aird na meán cumarsáide ar bhearta coisc. Is é réiteach na faidhbe ná tosaíocht a dhéanamh de chosc ghalair na leanaí.

Tá sé níos éasca vacsaíní agus míochnuithe a chur ar bord loinge. Bíonn brabúis ag comhlachtaí druga dá bharr sin agus bíonn bronntóirí sásta leo féin.

Le plean ceart sláinte a chur i bhfeidhm ní mór measúnú riosca a dhéanamh i dtaca leis na galair sin ar dócha go mbuailfear ar dhaoine iad, agus beidh an measúnú sin éagsúil ó áit go háit. Eascraíonn fadhbanna ag leibhéal an phobail agus sin an áit is gá na freagraí a fháil. Freagra tipiciúil ná ospidéal a thógáil ach teastaíonn cúram sláinte simplí ó mhórchuid na ndaoine, agus seirbhísí for-rochtana a bheadh ar fáil

ina sráidbhailte agus ina mbailte. Is iad na daoine saibhre is mó a úsáideann ospidéal, agus daoine atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha. Socrú polaitiúil é cúram sláinte a sholáthar ag leibhéal an phobail. Ar fud an domhain baineann caighdeán an chúraim shláinte le polaitíocht agus le leas tráchtála. Bíonn an chothromaíocht éagsúil ó áit go háit.

Is í an chothromaíocht seo, idir cúram sláinte agus leas tráchtála, is mó a bheidh mar dhúshlán, is dócha, sa troid in aghaidh na ngalar sna blianta atá amach romhainn.

## Ceisteanna

1. Conas a théann galair i dtíortha bochta i bhfeidhm orainn sa chuid seo den domhan?
2. Cad atá i gceist leis na réitigh ghearrthéarmacha a chuireann na polaiteoirí i bhfeidhm?
3. Cén fáth a meastar gur le haghaidh na ndaoine saibhre iad na hospidéal?



# Leathán Oibre 1

## 1. Cúram Sláinte

(a) Déan suirbhé faoi líon na ndochtúirí i do cheantar.

(b) Déan suirbhé faoi líon na gcuairteanna chuig dochtúir/ospidéal a rinne daltaí ó do rang an téarma seo.

(c) Déan suirbhé faoi líon na ndaltaí sa rang atá vacsaínithe in aghaidh na bruitíní srl.

(d) Déan suirbhé faoi líon na ndaltaí/bhaill an teaghligh a bhfuil orthu antaithbheathaigh a thógáil.

(e) Déan suirbhé faoi chostas na míochnuithe bunúsacha agus faoi na háiteanna ina bhfuil siad ar fáil, m.sh. don bhuinneach.

(f) Déan suirbhé faoi líon na ndaoine a bhfuil aithne agat orthu a bhfuil ceann de na 6 ghalar orthu atá luaite ar leathanach 12.

(g) Déan taighde faoi líon na ndaoine a bhfuil míochnuithe comhlántacha á dtógáil acu, nó cóir leighis chomhlántach á cur orthu.

(h) Tabhair cuairt ar shiopa áitiúil le bia sláintiúil chun eolas a fháil nó iarr ar aoichainteoir labhairt le do rang.

## 2. Déan taighde ar luach sláinte na rudaí seo:

(a) mil

(b) torthaí úra versus torthaí próiseáilte

(c) táirgí pónaire soighe, m.sh. tófú

## 3. Eitinn – cuir ceist ar do thuismitheoirí nó ar do sheanthuismitheoirí faoi eitinn ina gceantar.

## 4. Trí do rang OSPS eagraigh díospóireacht faoi na ceisteanna atá tábhachtach do dhéagóirí in Éirinn agus má tá na rudaí seo tábhachtach i saol na ndaoine atá ar comhaois libh san Afraic.

Ábhair a mholtar:

- Íomhá coirp
- Mí-úsáid substaintí
- Strus
- Réimeas Bia

nó aon ábhar eile a luaitear sa leabhar seo.

## 5. Oideachas

(a) Déan suirbhé faoi acmhainní agus faoi phearsanra do scoile agus cuir iad i gcomparáid le scoil thipiciúil san Afraic.

Ceannteidil a mholtar – líon na múinteoirí agus na ndaltaí, na seomraí ranga, na seomraí speisialaithe, áiseanna sláinte agus foireann riaracháin agus tacaíochta, buiséad ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an t-achar le dul le teacht ar scoil agus an meán iompair, srl.

(b) An dóigh leat go bhfuil an curaclam agus na meáin a úsáidtear i do scoil ábhartha do dhéagóirí na hAfraice?

(c) Eagraigh seisiúin oibre grúpa faoi cé chomh hábhartha is atá do chuid téacsleabhar do scoil Afracach.

(d) Cén fáth nach mbeadh do chuid téacsleabhar oiriúnach lena n-úsáid i scoil Afracach? Smaoinigh faoi ábhar, friotal, samplaí, grianghraif srl, le linn do mheastóireachta.

# An Chéinia

Níorbh ann don Chéinia mar thír amháin go dtí gur chuir na Sasanaigh ar an léarscáil é i 1895. Bhain an tír neamhspleáchas amach ar 12 Nollaig, 1963. Níor scaoileadh saor ón bpríosún a chéad uachtarán, Jomo Kenyatta, go dtí 2 bhliain roimhe sin. D'éirigh leis na teannais threibheacha a choimeád faoi smacht. Bhunaigh sé Kenya Africa Union (Kanu), páirtí aonair na tíre go dtí 1991 nuair a dlisteanáíodh páirtithe freasúra.

D'éirigh le Kanu an tsíocháin a choimeád do mhuintir uile na Céinia, ach is bailiúchán de phobail éagsúla ó cheantair éagsúla í an tír, seachas náisiún aontaithe.

Ceann d'fhadhbanna is mó na Céinia ná a fás daonra, a mhéadaigh faoi 3% in aghaidh na bliana, ceann de na rátaí is airde ar domhan. Má leantar ar aghaidh ar an dóigh seo méadófar an daonra faoi dhó gach 20 bliain. Tá leath de dhaonra na Céinia faoi 15 bliana agus ní mór líon ollmhór post a chruthú.

Níl go leor talaimh ann le bia a fhás. Níl ach 18% den talamh arúil. Tá 75% de na daoine ina gcónaí i réigiún an iardheiscirt. Freagra amháin ar an bhfadhb seo ná an dianfheirmeoireacht ach beidh fadhbanna timpeallachta ag baint leis sin. Tiomnaítear cuid den talamh is fearr sa Chéinia d'fhás tae agus caife do mhargadh na hEorpa fós, agus bíonn feirmeoirí Afracacha ag iarraidh greim béil a bhaint amach ar cheapacha beaga talaimh.

Is é an tIardheisceart an réigiún is méithe sa Chéinia agus inniu is é an t-*arbhar* Indiach an príomhbharr bia a fhástar ann. Tá an chuid eile den tír



an-tur. San oirthear tá a lán scrobarnaí agus gaineamhlaigh, agus téann abhainn is mó na tíre, an Tana, tríd an réigiún seo. Tá an tIardheisceart tirim freisin ach tá Loch Turkana mar chuid den réigiún seo.

Téann a lán Céiniach ar imirce go bailte móra atá ag fás ach bíonn beagnach 80% den daonra fós beo ar an talamh. Gabhadh cuid de na feirmeacha is mó ag an rialtas gur tugadh do ghluaiseachtaí áitiúla comharchumainn iad sa tslí gur féidir le pobail bheaga thuaithe leanúint orthu de bheith ag

oibriú an talaimh agus ag tacú le beatha sna ceantair seo. Soláthraíonn an talmhaíocht 65% de na heaspórtálacha sna ceantair seo. Níl sil-leaganacha móra mianraí ag an gCéinia agus níl ach poitéinseal srianta hidrileictreach ag an tír; do mhórchuid na ndaoine is é an t-aon bhreosla atá ar fáil ná adhmaid.

Tá clú ag teacht ar an gCéinia le blianta beaga anuas mar cheann scríbe turasóireachta. Tiomnaíodh ceantair mhóra den tír do pháirceanna fiadhúlra agus cuireadh cosc ar an bhfiach. Tugann beagnach 500,000 duine cuairt ar na páirceanna fiadhúlra seo in aghaidh na bliana. Soláthraíonn an tionscal turasóireachta seo, tionscal atá ag dul i méid, ioncam luachmhar agus

cruthaítear leis poist don daonra, atá ag dul i méid freisin. Is é an dúshlán a bheidh ann ná cinntiú nach ndéantar rófhorbairt ar agus nach milltear áilleacht agus sócmhainní nádúrtha luachmhara na tíre ag éilimh an tionscail seo agus ag an ngá atá le cruthú tuilleadh fostaíochta i rith an ama.



## Cás-staidéar 2: Self-Help sa Chéinia

**In Innéacs Forbartha Daonna CFNA tá an Chéinia ag uimhir 134 i liosta de 173 thír, rud beag níos fearr ná na tíortha sin atá sa chatagóir íseal fhorbartha daonna. Is é daonra na tíre ná thart ar 30 milliún, a mbíonn a mórchuid ina gcónaí i réigiúin níos méithe an láir agus an iarthair, agus tá 50% acu beo bocht.**



Tá an-mheas ar mhil na Céinia (An Chéinia)

Tá dáileadh ioncaim sa Chéinia an-neamhchothrom; tá 4.5% den ioncam iomlán ag an 20% is boichte den daonra, agus tá 56% den ioncam iomlán ag an 20% is saibhre den daonra.

Constaic mhór é an easpa talaimh arúil sa Chéinia ó thaobh méadú táirgeachta bia de. Thosaigh rannpháirtíocht Self Help sa Chéinia trí thacaíocht a soláthraíodh faoi scéim mhicrithionscadal a ndearnadh clár neamhspleách de níos déanaí. Dirítear gníomhaíocht ar rannáin Kamara agus Lare i gceantar Nakuru anois, sin thart ar 150 ciliméadar siar ó thuaidh ó Nairobi. Bíonn Self Help ag obair trí chomhpháirtí áitiúil, Coláiste Feirmeoirí Baraka, atá á reáchtáil ag Bráithre Phroinsiais na hÉireann. Cuireann an coláiste oiliúint ar mhic léinn agus ar fheirmeoirí i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe talmhaíochta, ach go dtí 1997 ní raibh aon bhealach foirmeálta i bhfeidhm aige le tástáil a dhéanamh le fáil amach cá mhéad a ghlactar leis na teicneolaíochtaí seo.

Dá thoradh sin cuireadh tús le clár forleathan for-rochtana i 1997, a dhíríonn ar fhorbairt chomhtháite trí chothú feirmeoireachta éifeachtaí, fiontair thuaithe, tionsclaithe tuaithe, agus gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Cuirtear béim go mór ar fhorbairt scileanna agus eolais mhuintir na háite le hinfhuaine a chinntiú. I measc na ngníomhaíochtaí atá ar fáil tá oiliúint i bhfás torthaí, margaíocht agus sábháil airgid agus creidmheas; inseamhnú saorga; beachaireacht, agus cosc agus cúram VEIH/SEIF. Is tionscal í an bheachaireacht arbh fhéidir bláth a

theacht air sa Chéinia mar faoi láthair iompórtáiltear an chuid is mó den mhil atá le fáil ar an margadh áitiúil.

Cuireadh tús le tionscadal faoi leith beachaireachta i 2001 le beachaireacht a chur chun cinn sa Chéinia agus le múnla dea-chleachtais a sholáthar d'áiteanna eile san Afraic. Rinneadh staidéar ar thionscal na beachaireachta sa Chéinia agus fuarthas amach, taobh amuigh den easpa soláthair, go raibh fadhb ann mar gheall ar fhotháirgeacht táirgí beiche i gcomparáid le hacmhainn, go raibh easpa caighdeán ag baint leis an tionscal lena lán táirgí aithrise ar an margadh, agus is beag cabhair phraiticiúil a fuair mórchuid na mbeachairí ag leibhéal na feirme. Bhí an comhordú ag leibhéal náisiúnta neamhsásúil freisin.

Bhí an staidéar seo mar bhonn ag clár for-rochtana ardaithe feasachta timpeall na tíre faoi na féidearthachtaí a bhaineann le beachaireacht, faoi oiliúint daoine áitiúla i scileanna beachaireachta, faoi fheabhsú caighdeán na meala, faoi fhorbairt deiseanna margaíochta agus faoi thógáil acmhainne. Bhí príomhról ag an tionscadal i mbunú eagraíochta nua náisiúnta, Comhairle Mheala na Céinia. Ag leibhéal náisiúnta tá lucht an tionscadail ag obair le Rialtas na Céinia i dtionscnamh fiorthábhachtach ar aidhm leis rochtain a chinntiú do tháirgí áitiúla meala ar mhargadh an Aontais Eorpaigh.





## Próifíl nua VEIH/SEIF: Mná Óga

Cailíní agus mná is mó atá i mbaol ag ionfhabhtú VEIH agus ag iarmhairt SEIF. Go domhanda is mná iad breis is leath de na daoine a bhfuil VEIH orthu. Tá baol an-ard ionfhabhtaithe i gceist do chailíní. Tá seo fíor san Afraic taobh ó dheas den Sahára, go háirithe, an réigiún is measa as ó thaobh VEIH/SEIF de, mar is mná iad beirt as gach triúr atá tar éis bheith ionfhabhtaithe agus atá san aoisghrúpa 15-24.

I measc daoine óga idir 15 agus 19, tá 5 cailíní ionfhabhtaithe le hais 1 bhuachaill sna ceantair is measa as. Mar gheall ar anró dealbh chomh maith le heaspa oideachais, méadaítear an baol go ndíolfaidh cailíní agus mná gnéas mar gurb é an t-aon rogha eacnamúil atá acu.

Tá ceangal ann idir VEIH/SEIF agus neamhchothromaíocht inscne agus méadaítear í dá bharr. Sula raibh trácht ar SEIF ba lú cheana an seans go rachadh cailíní ar scoil ná buachaillí. Inniu tá leanaí á ndíbirt ón scoil chun aire a thabhairt do bhaill a dteaghlaigh a bhfuil SEIF orthu. Sa Chéinia, mar shampla, is cailíní iad 70% de na cúramóirí seo. Scartar cailíní nach mbíonn ag freastal ar scoil ó eolas arbh fhéidir leis a saol a shábháil agus ní fhoghlaimíonn siad scileanna le cabhrú leo airgead a shaothrú.

Is iad na scoileanna an chosaint is fearr in aghaidh ionfhabhtaithe ó SEIF. Bíonn níos mó eolais ag cailíní a fhanann ar scoil faoi chosc VEIH agus bíonn tuiscint níos fearr acu ar thástáil VEIH. Is iad na scoileanna is fearr a sholáthraíonn eolas do chosc chomh maith le scileanna sóisialta fadtéarmacha ar cabhair iad mar chosaint in aghaidh an ionfhabhtaithe. Ní mór do chailíní freastal ar scoil agus ní

mór dóibh freisin fás aníos i dtimpeallachtaí a chosnaíonn agus a ráthaíonn iad in aghaidh foréigin, mí-úsáide, dúshaothraithe agus neamairt.

Ní mór dlús a chur le cosaint dhlíthiúil\* do chailíní. Ní mór ráthaíocht a thabhairt do chearta na mban sealús a fháil mar oidhreacht, ní mór deireadh a chur le foréigean in aghaidh na gcailíní agus na mban, agus ní mór go mbeadh teacht cothrom ag mná ar sheirbhísí córa leighis, cúraim agus coisc do VEIH.

Ní mór d'fhir agus do bhuachaillí bheith freagrach as a gcuid gníomhartha. Ní féidir le fir ná le buachaillí glacadh le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní. Ní féidir leo páirt a ghlacadh in iompar a chuireann mná i mbaol. Agus thar aon rud eile ní mór d'fhir bheith tiomanta d'oideachas a thabhairt dá gcuid iníonacha.

### Ceisteanna:

1. Tabhair samplaí le taispeáint gur mó a théann VEIH/SEIF i bhfeidhm ar mhná/chailíní ná ar fhir/ar bhuachaillí.
2. Conas a mhéadaíonn 'easpa oideachais agus neamhfheastal ar scoil' an baol ionfhabhtaithe ó VEIH?
3. Cad is 'tabhairt chúraim' ann?
4. Luaigh 3 bhealach inar féidir le fir/buachaillí feabhas a chur ar chúrsaí do mhná/do chailíní.



## Oideachas agus VEIH

I dtuarascáil a chuir an Feachtas Domhanda don Oideachas amach in Aibreán 2004 dearbhaíodh gurbh fhéidir cosc a chur ar 7 milliún cás VEIH taobh istigh de dheich mbliana dá gcríochnódh leanaí uile an domhain a gcuid bunscolaíochta. De réir taighde nua tá seans 50% níos lú ann go dtolfaidh daoine óga (15-24 bliana) a chríochnaigh a mbunscolaíocht VEIH, i gcomparáid leis na daoine sin nár cuireadh scolaíocht orthu. Léirítear go gcuirfeadh bunscolaíocht uile-choiteann cosc ar thart ar 700,000 cás VEIH gach bliain, sin thart ar 30% de na hionfhabhtuithe nua uile san aoisghrúpa seo, trí fheabhsú eolais agus trí athrú a chur ar iompar.



Cabhair é eolas breise sa troid in éadan SEIF (An Aetóip)





## Ceisteanna

1. Conas a chuirtear isteach ar shláinte linbh nach dtéann ar scoil?
2. An féidir leat fáthanna a thabhairt a mhíneodh cén fáth a gcaitear an oiread sin airgid ar airm seachas ar oideachas.
3. Tabhair dhá shampla a léiríonn conas a laghdaíonn oideachas an baol go bhfaigheadh duine SEIF

In ainneoin na hiarmhairte móire arbh fhéidir leis an oideachas a bheith aige sa troid in éadan SEIF tá breis is 100 milliún leanbh ann fós nach mbíonn ag freastal ar scoil. Mura ndéantar beart go práinneach tógfaidh sé 150 bliain sula mbeidh gach leanbh san Afraic in ann freastal ar an scoil.

Measann na NA go dteastóidh €5 bhiliún breise cabhrach le cinntiú gurbh fhéidir le gach leanbh dul ar scoil; is ionann sin agus 3 lá caiteachais mhíleata dhomhanda. D'fhéadfaí an ghéarchéim oideachais i 10 gcinn de thíortha is boichte an domhain a réiteach leis an airgead a chosnaíonn buamadóir 'formhothaithe' (B52) amháin (€600 milliún), agus leis sin bheifí in ann scolaíocht a chur ar €5 mhilliún leanbh

Bronnann an t-oideachas eolas agus cumhacht ar dhaoine.

- Tá seans 3 huairé níos mó ann go mbeidh a fhios ag mná liteartha gur féidir go bhfuil SEIF ar dhuine a bhfuil cuma shláintiúil air, agus tá seans 4 huairé níos mó ann go mbeidh a fhios acu cad iad na príomhbhealaí le SEIF a sheachaint.

- Sa Chéinia, bhí seans 4 huairé níos lú ann go dtolgfadh cailíní 17 bliana d'aois VEIH má bhí siad fós ar scoil, le hais cailíní a raibh an scoil fágtha acu.

- De réir staidéar a rinneadh i 11 thír léiríodh go raibh a fhios ag mná ar cuireadh oideachas orthu gur sholáthair úsáid choiscíní cosaint ó SEIF.

- Go domhanda, tá thart ar an tríú cuid de na daoine a bhfuil VEIH/SEIF orthu idir 15-24 bliana d'aois, agus tarlaíonn mórchuid na n-ionfhabhtuithe nua san aoisghrúpa seo.

- In Uganda gearradh rátaí VEIH ó 15% i 1990 go 5% i 2000. Bhí ról ollmhór le himirt ag an mbunscolaíocht saor in aisce san athrú seo. Measann an rialtas go bhfaigheann 10 milliún duine óg oiliúint faoi SEIF sa seomra ranga.

Ag comhdháil phreasa le Comhdháil na Náisiún Aontaithe faoi SEIF a sheoladh in Bangkok na Téalainne i Mí Iúil 2004 bhí an méid seo le rá ag an Dochtúir Peter Miot, Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNAIDS: 'Níl aon am le cailliúint againn, tá méadú fós ag teacht ar ionfhabhtuithe san Afraic agus tá an-chuid daoine fós ag fáil bháis. Ní mór bearta a dhéanamh le deireadh a chur le leathnú an ghalair mharfaigh seo. Is é an chéad bheart ná oideachas.'

## Straitéis VEIH/SEIF

I 2004 chuir Self Help plean i bhfeidhm le freagra a thabhairt ar bhagairt mhór VEIH/SEIF san Afraic taobh ó dheas den Sahára. Ceapadh Comhordaitheoirí Cláir VEIH/SEIF san Eiritré, san Aetóip, sa Mhaláiv agus in Uganda agus d'fhreastail gach ball foirne de chuid Self Help ar cheardlanna oiliúna le tuiscint shoiléir a chothú maidir leis na ceisteanna casta a bhaineann leis an ngalar.

Shocraigh Self Help gur chóir go bpléifí le VEIH/SEIF mar cheist a théann i bhfeidhm ar gach gné den obair atá ar siúl san Afraic. Bagairt mhór don dul chun cinn atá ann agus ní féidir é a fheiceáil mar cheist sláinte amháin.

Tá iarmhairt VEIH/SEIF tubaisteach san Afraic taobh ó dheas den Sahára, sin 75 faoin gcéad de na 55-60 milliún duine ar fud an domhain a bhfuil an galar orthu – cé nach bhfuil ach rud beag níos mó ná 10 faoin gcéad de dhaonra an domhain ina gcónaí ann.

'Níl an maoiniú ollmhór againn a theastaíonn le drugaí costasacha frithaisviris a dháileadh ar dhaoine le VEIH/SEIF inár dtír', arsa comhordaitheoir Uganda, Misaka Okotel, 'ach is féidir linn cabhrú ar a lán bealaí eile.'

Orthu seo tá clár oideachais leis an aithisiú a bhaint a bhaineann leis an ngalar, tacaíocht do na dílleachtaí agus do theaghlaigh dhaoine le VEIH/SEIF agus feachtas oideachais le cosc a chur ar leathnú breise an ghalair.

Deir comhordaitheoir VEIH/SEIF na Maláive, Sosten Chilumpha, go bhfuil siad ag obair leis an Aire Sláinte i dtaca leis an gclár, agus cuirtear béim ar chabhrú leis na daoine is leochaillí - na daoine tinne, daoine scothaosta, na



Lá Idirnáisiúnta SEIF (An Aetóip).

teaghlaigh agus dílleachtaí iomadúla daoine a raibh VEIH/SEIF orthu.

Dúirt Sosten go bhfuil nasc soiléir ann idir rátaí mortlaíochta ó VEIH/SEIF agus bochtanas, agus sa Mhaláiv fuair siad amach go raibh íobartaigh a fuair trí bhéile in aghaidh an lae ag maireachtáil i bhfad níos faide le VEIH/SEIF ná na daoine sin a raibh an galar orthu ach a bhí beo bocht. Cabhair é freisin do theaghlaigh a bhfuil an galar orthu barra a fhorbairt nach dteastaíonn oiread oibre uathu lena bhfás, nó a bhfuil níos mó próitéiní iontu.

Tá sraith de 'chlubanna VEIH/SEIF' bunaithe ag Self Help san Aetóip a bhfuil ag éirí go han-mhaith leo –

úsáideann siad amhráin, damhsa agus drámaíocht le teachtaireacht feasachta SEIF a sheachadadh do phobail tuaithe.


'Ní mór cuimhneamh nach bhfuil léamh ná scríobh ag a lán daoine, nach bhfuil leictreachas sa bhaile acu agus mar sin de ní fhoghlaimíonn siad faoin ngalar ón raidió ná ón teilifís, agus go bhfuil siad aineolach go ginearálta maidir le tuiscint conas is féidir VEIH/SEIF a leathnú agus a chosc. Cuireann drámaí agus láithreoirachtaí ár ngrúpaí ar laethanta margaidh daoine ar an eolas faoin ngalar agus faoi conas cosc a chur ar a leathnú, agus spreagann siad daoine gan eagla a bheith orthu roimh dhaoine a bhfuil an galar uafásach seo orthu', arsa comhordaitheoir cláir VEIH/SEIF Self Help san Aetóip, Girma Seuf.

'Tá sé i gceist againn cláir fheasachta VEIH/SEIF a thabhairt do mhíllíon duine sna trí bliana atá amach romhainn, comhairliú agus tástáil a sholáthar do bhreis is 5,000 duine, trealamh tástála a cheannach do chlinicí agus do lárionaid áitiúla sláinte, seirbhísí oideachais agus atreoiraithe a sholáthar do bhreis is 600 oibrí gnéis tráchtála agus cúram agus tacaíocht a sholáthar do 1,500 duine a bhfuil SEIF orthu, a gcuid dílleachtaí agus baill teaghlaigh ábhartha,' arsa Girma.



## Ceisteanna

1. Míinigh cén fáth gur fadhb i bhfad níos mó é VEIH/SEIF san Afraic taobh ó dheas den Sahára ná i gcuid ar bith eile den domhan.
2. Conas a spreagann bochtanas forbairt SEIF?
3. Cén fáth a bhfuil sé riachtanach amhráin, damhsaí agus drámaíocht a úsáid le teachtaireacht feasachta SEIF a thabhairt?



Rushing into Sex  
is rushing into AIDS.  
Take Care !





a e i o u  
bā be - Bī Bō bur  
cā dā eā fā gā hā

hā iā jā kā lā mā  
nā oā pā qā rā sā tā  
uā vā wā xā yā zā

Thit an foirgneamh as a chéile ach tá an clár dubh fós ann. (An Mhaláiv)

# Easpa Scolaíochta do 100 milliún Leanaí

Go domhanda meastar nach mbíonn 104 milliún leanaí ag freastal ar an mbunscoil. Ciallaíonn sin nach bhfuil bunoidreachas á chur ar thart ar 14% de leanaí an domhain. Is cailíní iad thart ar dhá thrian acu.

Tá mórchuid na leanaí nach mbíonn ag freastal ar scoil ina gcónaí i dtíortha atá faoi fhorbairt, agus tá mórchuid acu (73%) ina gcónaí san Afraic taobh ó dheas den Sahára agus i nDeisceart agus in Iarthar na hAfraice. Seo na réigiúin is boichte, le céatadán mór den daonra a bhíonn ag maireachtáil ar níos lú ná €1 in aghaidh an lae; is iad na tíortha céanna is mó atá i bhfiacha freisin.

In ainneoin a lán constaicí, tá dul chun cinn á dhéanamh. San iomlán thit líon na leanaí nach bhfuil ar scoil faoi 4% idir 1990 agus 2000 agus méadaíodh líon na leanaí atá cláraithe ar scoil go domhanda sa bhunoidreachas ó 596 milliún go 648 milliún le linn na tréimhse céanna.

Tharla na méaduithe ba mhó san Afraic atá taobh ó dheas den Sahára (38%) agus i nDeisceart agus in Iarthar na hAfraice (19%). Tá na réigiúin seo an-bhocht, le rátaí an-arda de leanaí nach bhfuil ar scoil, m.sh. le linn na tréimhse céanna méadaíodh líon na leanaí ón Afraic nach mbíonn ag freastal ar scoil faoi 17%, agus ba cheann de na fachtóirí ba chúis leis sin ná fás ard daonra.

Go domhanda, méadaíodh líon na gcaillíní atá cláraithe ar scoil níos tapúla ná mar a méadaíodh líon na mbuachaillí, ach is é réigiún na hAfraice atá taobh ó dheas den Sahára an réigiún leis an líon is mó de chailíní nach bhfuil ar scoil fós (23 milliún) agus níl Deisceart agus Iarthar na hAfraice i bhfad ar shiúl (21 mhilliún).

Tá breis is 150 milliún leanbh ann sa domhan atá faoi fhorbairt nach

gcuireann cúig bliana scolaíochta i gcrích – sin an t-íosmhéid a theastaíonn le bheith liteartha. Éiríonn 40% de na leanaí a chláraíonn ar scoil as, agus ní théann ach 25% de bhuaichaillí agus 14% de chailíní ar aghaidh go dtí an mheánscoil.

As 155 tír atá faoi fhorbairt, tá bun scolaíocht uile-choiteann ar fáil, nó ar tí a bheith ar fáil i 66 cinn acu faoi 2015. Ní dócha go mbeidh na 89 dtír eile in ann an cuspóir seo a bhaint amach sna deich mbliana atá amach



Bíonn ar a lán leanaí tosú ag obair an-óg (An Aetóip)

## Cleachtadh: Colláis.

1. Faigh cóip de léarscáil an domhain ó d'atlas.
2. Gearr amach pictiúir ó irisí, ó nuachtáin agus ó sheanleabhair a thaispeánann leanaí ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain.
3. Greamaigh na pictiúir seo ar léarscáil an domhain, ag fágáil spásanna bána le líon (nó céatadán) na leanaí a thaispeáint ó gach mór-roinn nach dtéann ar scoil.
4. Cuir an teideal 'Easpa Scolaíochta do 100 milliún leanaí' i litreacha móra feiceálacha ag an mbarr.



# Plandlann Scoile sa Chéinia

Is múinteoir é Silas Karanja i mbunscoil Kiriri. Is fear é a bhfuil fíis agus misean aige. Thuig Silas gur ghá do na daltaí bheith in ann ceisteanna a bhain lena saol laethúil a chur isteach sa churaclam. Chaith a lán acu cúpla uair an chloig in aghaidh an lae ag fáil adhmaid tine dá muintir. Fadhb mhór amháin atá ann ná go bhfuil an ráta dífhoraoisithe sa Chéinia scanrúil; gach bliain bíonn ar dhaoine siúl míle níos faide go laethúil, sa mheán, ag lorg adhmaid tine. Mura dtéitear i mbun gníomhaíochta ag leibhéal áitiúil ní bheidh breosla ar bith fágtha ag na daoine taobh istigh de 10 mbliana.

Bhunaigh Silas plandlann scoile i 1997. Gach bliain bíonn tríocha dalta páirteach, ar bhonn deonach, sa chlár foraoisithe agus cur crann. Bíonn na ranganna ar siúl tar éis na scoile, mar sin de bíonn na daltaí ag íobairt ama só le bheith páirteach sa chlár seo. Múineann Silas iad faoin tábhacht a bhaineann le cur crann, agus tugann sé an t-eolas agus na scileanna dóibh a theastaíonn le cinntiú go bhfásfaidh na crainn agus go soláthrófar an t-adhmad agus táirgí eile a úsáideann siad ar bhonn laethúil. Thug sé cuid de

sheanóirí an cheantair isteach le múineadh do na daltaí conas na crainn a úsáid do mhíochnuithe agus do leigheasanna traidisiúnta.

Taispeánann sé dóibh freisin conas an obair thábhachtach seo a dhéanamh: síolta na gcrann agus na bplandaí áitiúla a bhailiú, a stóráil agus a shábháil le cinntiú go mbíonn siad seo fós ag fás agus gur cuid den tírdhreach iad seo fós. Tá margadh mór ann do na plandaí agus do na crainn óga ó na feirmeoirí áitiúla a dteastaíonn foscadh uathu dá gcuid barr, cosaint don ithir agus bia dá gcuid ainmhithe.

Tugann siad aire freisin do na crainn a bhíonn ag fás ar thailte na scoile. Bíonn na daltaí ag tabhairt aire, sa mheán, do 1,500 síológ sa bhliain. Is iomaí duine acu a bhfuil tús curtha acu le plandlann sa bhaile anois.

Tá a fhios ag Silas go bhfuil an todhchaí ag brath ar an eolas agus ar na scileanna a fhaightear sa seomra ranga ó na leabhair agus taobh amuigh ó na daoine agus ón talamh. Beidh na plandlanna baile seo ina gcabhair le

hioncam a thabhairt do theaghlach bhochta, le poist a sholáthar go háitiúil agus le cinntiú go gcosnófar an timpeallacht.

## Cleachtadh

1. Faigh amach faoi chrainn dhúchasacha na hÉireann.
2. Eagraigh tionscadal ranga le síolta a bhailiú ó na crainn agus ó na plandaí áitiúla seo.
3. Cuir na síolta agus díol na síológa leis an bpobal áitiúil.
4. Tabhair an brabús a dhéantar do Self Help agus caithfear an t-airgead ar chlár fhoraoisithe san Afraic.



Bailiúnn mná adhmad tine lena dhíol (An Aetóip)







# Beachaireacht

Oiliúint á cur ar bheachaire ag Coláiste Baraka (An Chéinia)

Cothaíonn tionscadal leathnaithe beachaireachta Choláiste Baraka (an Chéinia) an bheachaireacht mar mheán le hairgead a dhéanamh agus le hioncam a sholáthar do theaghlaigh. Grúpa Beachaireachta Kurungu ceann de na grúpaí a bhí ag obair go ráfar ar an scéim.

Tugadh oiliúint agus scileanna do phobail i gceantair iargúlta den Chéinia le beachaireacht a dhéanamh agus le cur le hioncam an teaghlaigh ó dhíolachán meala.

Beirt bhall de Ghrúpa Kurungu iad Lejilia Lepulelei agus Lokurasai Lenguyeyo a bhain tairbhe as seo, agus anois faigheann an bheirt acu thart ar 500 cileagram de mhil in aghaidh na bliana ó



na deich gcoirceog shaile thraidisiúnta ar leo iad agus a bhainistíonn siad.

A bhuíochas leis an mbrabús a dhéantar ón bhfiontar táirgthe meala seo tá Lejilia Lepulelei tosaithe ar ghabhair a cheannach agus a dhíol, gníomhaíocht ghnó a ghin níos mó brabúis don fhear áitiúil.

Deir Lejilia gur foinse rithábhachtach airgid dó an bheachaireacht; murab ionann is feirmeoirí eile sa cheantar a raibh orthu eallach a dhíol nuair a bhí an t-airgead gann, d'éirigh leis a bheatha a shaothrú fiú nuair a bhí an saol deacair. Agus dar leis go mbaianeann gach duine tairbhe as, mar go bhfuil ar fáil ag na daoine a cheannaíonn a chuid meala agus ag a dteaghlaigh foinse iontach bhreise de phróitéin, foinse atá dea-chothaitheach.

## Ceisteanna:

1. Conas a léiríonn an tionscadal seo tairbhe na hoiliúna do dhaoine?
2. Cad iad na foinsí próitéine atá le fáil sa réimeas bia atá agat?
3. Cad iad na tosaíochtaí a bheadh ag an teaghlach seo don airgead a shaothraítear ón mbeachaireacht agus ó dhíolachán na ngabhar, dar leat?



Chomh saothrach le beacha (An Chéinia)

# D'fhéadfadh leis an bpónaire soighe cabhrú in aghaidh an ghalair



Is féidir leis an mbia bheith ina arm sa troid in aghaidh an ghalair (Uganda)

Is é an rud is tábhachtaí ag daoine ar fud an domhain ná soláthar sábháilte rialta bia. Bíonn dhá fhadhb i gceist do dhaoine a mhaireann ó fhás barr nuair a bhíonn duine den teaghlach tinn. Cailleann siad saothar an duine atá tinn, rud a fhágann go dtáirgeann siad níos lú bia ach ag an am céanna ní mór go mbeadh dóthain airgid acu leis na míochnuithe a cheannach a theastaíonn ón duine atá tinn sa tslí gur féidir leis teacht chuige féin.

Tá sé an-tábhachtach foinsí bia agus cothaithe a fháil nach dteastaíonn an iomarca oibre lena dtáirgeadh nó ar féidir iad a cheannach go saor sna margáí áitiúla. Ceist phráinneach é seo mar gheall ar VEIH/SEIF, agus ní mór plé léi ag leibhéal idirnáisiúnta.

Dar le Dwain Ford, ón American Soybean Association, 'Creidimid gur féidir le cinnirí talmhaíochta agus tionscail bhia príomhról a imirt le freagra a thabhairt ar phlá VEIH/SEIF.'

Bíonn riachtanais phróitéine na ndaoine ionfhabhtaithe 50% go 100% níos airde ná na gnáthleibhéil. Tá soighe an-oiriúnach le freastal a dhéanamh ar a lán de na dúshláin bhia agus chothaithe a mbíonn ar dhaoine a bhfuil an galar orthu aghaidh a thabhairt orthu. Fiú nuair nach dtógtar ach rud beag de, is féidir le soighe bheith an-oiriúnach le cabhrú le riachtanais chothaithe. Tá a lán cineálacha soighe ann, rud a fhágann gur ceann de na meáin is éasca le próitéin a mhéadú i réimis bhia áitiúla iad na bianna bunaithe ar shoighe.

Bhunaigh cinnirí pónaire soighe WISHH (i mBéarla ciallaíonn sin Tionscnamh Domhanda don Soighe sa tSláinte Dhaonna) i 2000 le naisc a chruthú leis na tíortha sin inarb fhéidir le daonraí, atá ag dul i méid go mear, tairbhe a bhaint as soighe ina réimeas bia, ag gach leibhéal ioncaim.

'Is cúis imní dúinn na daoine sin nach bhfuil go leor bia acu anois, agus aithnímid gurb iad lucht tíortha faoi fhorbairt an lae atá inniu ann a bheidh ina gcustaiméirí soighe amárach. Ní mór ár bhfreagra ar phlá an VEIH/SEIF a mhúnlú ag ár mothúcháin daonnachta agus ag ár n-acmhainn ghnó.'

Bíonn ról ríthábhachtach le himirt ag cabhair bhia le freagra a thabhairt ar fhadhb an VEIH/SEIF, de réir James T. Morris, stiúrthóir feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bhia. Is é an chéad rud a iarrann teaghlach bhochta a bhfuil SEIF orthu ná bia, ní airgead ná drugaí. Is féidir leis an mbia bheith mar cheann de na hairm san armlann in aghaidh an ghalair seo,' ar seisean.

Aithníonn cinnirí domhanda anois go bhfuil dea-chothú tábhachtach le cur in éadan an ghalair.

## Cleachtadh

1. Féach ar an 'Triantán Bia' agus aithin na foinsí próitéine atá le fáil i do réimeas bia.
2. An féidir leat aon táirge soighe a aithint i d'ollmhargadh áitiúil?
3. Aithin ó cén áit ar domhan a thagann na bianna seo a leanas:

*tae, caife, bananaí, cíobhaíonna, pasta, rís, siúcra, seacláid, prátaí, pónaireí soighe*



# Leathán Oibre 2

VEIH/SEIF


1. Is fadhb phaindéimeach í seo. Cad a chiallaíonn sin?
2. Tá ról ríthábhachtach ag scoileanna san Afraic ó thaobh daoine a chur ar an eolas faoin bhfadhb agus réitigh a mholadh le haghaidh na faidhbe paindéimí is VEIH/SEIF ann.  
(a) Bíodh díospóireacht agat faoi ról do scoile i réiteach ceisteanna sláinte agus leasa na ndaoine óga i do phobal.

Nó:

- (b) An gcuireann do scoil cothromaíocht inscne chun tosaigh trí roghanna ábhair? An féidir plé go cothrom leis an gceist seo más scoil aon inscne í do scoil? D'fhéadfá tús a chur le freagra trí shuirbhé a dhéanamh ar dhaltaí Ardeistiméireachta agus a gcuid roghanna ábhair. An ndéanann buachaillí agus cailíní roghanna éagsúla ábhair?

## Crosfhocal Sláinte & Oideachais

(bunaithe ar eolas atá ar leathanaigh 16-29)



Trasna

3. Airgead, ach ní euro atá ann.
6. An grúpa eitneach is mó
7. An abhainn is faide
9. Ceantar atá 150 ciliméadar siar ó thuaidh ó Nairobi.
11. 12 Nollaig, 1963
12. Fuair \_\_\_ Kenyatta bás i 1978
13. Tír Thuaisceartach
14. Aigéan san oirthear

Síos

1. Gleann mór
2. Uachtarán reatha
4. Coláiste de chuid Bhráithre Phroinsiais
5. Ní an mullach is airde
8. Príomhchathair
10. Loch chúntóir Dhaidí na Nollag

# Ospidéal Butajera

Is í tógáil Ospidéil Butajera i réigiún Mareko na hAetóipe idirghabháil airgeadais is costasaí Self-Help san Aetóip. Tá sí ar cheann de thionscadail is ráfaire na heagraíochta freisin.

Déanann Ospidéal Butajera freastal ar thart ar 1.5 milliún duine, agus tá sé feistithe le hobrádlanna, áiseanna X-gha agus aonad máithreachais. Tá sé beartaithe cur leis an raon gníomhaíochtaí atá ar fáil san ospidéal le tabhairt isteach lárionaid oiliúna d'oibrithe cúraim shláinte. Ansin is féidir leis na hoibrithe seo taisteal amach chuig na sráidbhailte iargúlta le cúram sláinte bunúsach a sholáthar do dhaoine le deacrachtaí iompair nó nach bhfuil an t-am acu le dul chuig an ospidéal. Chabhraigh Self Help le tógáil Ospidéil Butajera. Ba léir, tar éis dúinn labhairt le muintir na háite agus le hoifigigh ón Roinn Sláinte go raibh géarghá lena leithéid d'ospidéal sa réigiún.

Bhí príomhról le himirt ag an bpobal áitiúil sa tionscadal freisin – sholáthair siad láithreán don ospidéal agus a lán den saothar freisin. Tógadh Ospidéal Butajera mar cheann de raon leathan

gníomhaíochtaí cúraim shláinte de Self Help Development. Orthu seo tá tógáil ionad sláinte agus lárionad cúraim shláinte, oiliúint cúntóirí cúraim shláinte agus foirne máithreachais, soláthar oideachais sláinte agus bunú scéimeanna aisíochta drugaí ag a gcuid tionscadal san Aetóip agus in áiteanna eile san Afraic.

Rinneadh cláir VEIH/SEIF a chomhtháthú i ngach cearn de chlár Afracacha Self Help freisin.



Bloic thógála a chruthaíonn todhchaí níos fearr (An Aetóip)

## Cleachtadh

1. Conas gur áit é ospidéal ina mbíonn daoine ag foghlaim?
2. Faigh amach cá mhéad ospidéal atá i do cheantar áitiúil agus cad é an daonra a ndéanann siad freastal orthu?
3. Conas a chuaigh muintir na háite i bhfeidhm ar an méid a tharla agus conas a chuir siad leis an tionscadal?

## Scéim Imrothlach Dhrugaí

Cabhair é córas nua soláthair agus dailte dhrugaí a dtacaíonn Self Help Development International leis san Aetóip le cinntiú go bhfuil soláthair ríthábhachtacha míochnaithe á stocáil ag lárionaid sláinte sa tír.

Cheadaigh na scéimeanna imrothlacha drugaí do na lárionaid agus do na clinicí sláinte stoc sásúil míochnaithe a choimeád agus cinntítear dá mbarr go bhfaigheann othair cóir leighis dhrugaí nuair a theastaíonn sin.





## Ceisteanna

1. Mínigh conas a fheidhmíonn an 'scéim rothlaithe drugaí'.
2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach drugaí a fháil ó bhaill fhoirne atá cáilithe?
3. Cad iad na príomhghalair, dar leat, a bhfuil cóir leighis le cur orthu san Aetóip?
4. Cad iad na príomhghalair, dar leat, a gcuirtear cóir leighis orthu anseo? Cuir do liosta i gcomparáid leis an liosta a rinne tú don Aetóip.

Ag cinntiú go bhfuil míochnuithe ar fáil (An Aetóip)

Tar éis bualadh le hionadaithe áitiúla pobail tá sraith foclann imrothlach drugaí bunaithe ag Self Help i gclinicí sláinte sna limistéir thionscadail atá aige san Aetóip.

I Lárionad Sláinte Meki i nDúiche Sodo Dheisceart na hAetóipe chuala ionadaithe Self Help nach raibh dóthain drugaí ar fáil ón Aireacht Sláinte ná baol air, agus gur mhinic a úsáideadh na míochnuithe ar luach €8,000, a caitheadh gach trí mhí, taobh istigh de roinnt seachtainí.

'Cé go bhfuil clinic lánfhoirnithe ar fáil sa bhaile ba é taithí an phobail áitiúil gur minic a fágadh é gan a stoc de dhrugaí ar oideas. Dá thoradh sin bhíodh na daoine ag íoc airgead mór ar dhrugaí ó bhrabúsaithe áitiúla – gan a bheith cinnte go raibh siad ag ceannach míochnuithe a bhí oiriúnach don tinneas a bhí orthu', a mhíníonn Hailu Gebre-Mariam ó Self Help.

Bhunaigh Self Help a scéim phiólótach imrothlach dhrugaí ag Lárionad Sláinte Meki; ceapadh foireann mhíochaine cháilithe agus ceannaíodh luach €10,000 de dhrugaí a bheadh le díol don phobal ag praghas a bhí rud beag níos airde ná an praghas ceannaigh.

**'D'éirigh go han-mhaith leis an scéim ón tús; infheistíodh an brabús uile a rinneadh ó dhíolachán na ndrugaí go díreach i riar na scéime, agus i gceannach drugaí le cur ina n-ionad' a mhíníonn stiúrthóir an Lárionaid Sláinte, Atto Taye. 'Ní hamháin gur ceadaíodh leis seo stocáil Lárionaid Sláinte Meki le míochnuithe, ach freisin cinntíodh nach ndáiltear drugaí ach ag daoine leis na cáilíochtaí cuí.'**

# Gníomhaíocht an Phobail don Oideachas

Baill de Choiste Oideachais Pobail an tsráidbhaile Dodota san Aetóip iad Hailu Gebre agus a bhean chéile, Abeba. Is ball é Hailu de chomharchumann na bhfeirmeoirí agus is ball í Abeba de Ghrúpa Sábhála agus Creidmheasa na mBan. San earrach fuair siad cabhair ó Self Help Development International i bhfoirm iasachta le síolta ardtáirgeachta a cheannach d'arbhar Indiach agus do shorgam. Fuair Abeba creidmheas freisin le cearca Nera a cheannach, pór a thugann a lán uibheacha agus nach ngéilleann go héasca do ghalair.

Chuir an iasacht agus an creidmheas ar chumas Hailu agus Abeba a gcuid páistí a chur ar scoil, seachas iachall a chur orthu bheith páirteach san fheirmeoireacht, obair chrua a raibh orthu féin tabhairt fúithi agus iad ina leanaí.

Deir Abeba: 'Tá mé an-sásta feiceáil go bhfuil mo chuid leanaí ar scoil. Tá siad ag foghlaim léamh agus scríobh. Tá mé an-bhródúil nuair a fheicim mo chuid leanaí ag scríobh; ar ball beimid in ann litreacha a fháil ó agus a chur chuig ár gcuid gaolta atá ina gcónaí in áiteanna éagsúla sa tír. Sa sráidbhaile seo is beag seanóir a bhfuil léamh ná scríobh aige. Ní raibh deis againne dul ar scoil.'

Agus deir Hailu, 'Trí fhoghlaim agus trí fhreastal ar an scoil táimid ag cabhrú leo dul i dtreo todhchaí níos fearr. Agus na leanaí ar scoil anois is féidir linn díriú ar ár mbeatha a shaothrú ón talamh. Ní bhíonn aon urrús ag teaghlaigh seachas a gcuid leanaí.

Creidim go láidir go mbeidh scolaíocht ár gcuid leanaí ina chabhair le deireadh a chur le bochtanas agus le galar.'

'San am atá caite ní raibh aon scoil againn agus d'ímigh cuid de mhuintir an tsráidbhaile le scoil a fháil dá gcuid leanaí. Tógadh an scoil mar gheall ar iarratas ón bpobal. Chonacamar an riachtanas agus chabhraíomar lena tógáil. Ní hamháin go mbíonn deis ag ár gcuid leanaí dul ar scoil ach mar bhall den Ghrúpa Sábhála agus Creidmheasa téim ann le mná an tsráidbhaile le léamh agus scríobh a fhoghlaim. Dar liom gur bean níos fearr agus níos láidre mé dá bharr. Dar leis na baill uile agus le pobal an tsráidbhaile go bhfuilimid níos saibhre dá bharr. Beidh an t-oideachas ina chabhair againn todhchaí níos láidre agus níos fearr a thógáil dúinn uile. Ní bheidh ár gcuid leanaí ag fás aníos sa dorchadas faoi mar a tharla dúinne. Is é an t-oideachas an tóirse a lasfaidh an todhchaí.'

## Cleachtadh

1. Cuir agallamh ar do thuismitheoirí, do sheantuismitheoirí, do chuid gaolta agus do chuid cairde le fáil amach cén t-athrú atá tar éis teacht ar shaol na scoile.
2. Luaigh deich mbua a bhaineann le freastal ar an scoil.





# Próifíl Tionscadail – Meánscoil



Ag obair le chéile (An Aetóip)

## Ní raibh sé i gceist meánscoil a thógáil ag Dera nuair a chuir Self Help tús le tionscadal Dodota san Aetóip i 1999.

Tar éis labhairt le cinnirí pobail áitiúla d'athraigh Self Help an plean a bhí acu dhá bhunscoil a thógáil; tugadh aird ar thoil an phobail agus tógadh chéad mheánscoil an bhaile. Bhí an pobal áitiúil ag déanamh stocaireachta le 20 bliain anuas le meánscoil a fháil, agus fíoraíodh an fhís sin i 2001 nuair a osclaíodh Meánscoil Dera le 350 dalta.

Méadaíodh líon na ndaltaí i rith an ama ó shin agus sa scoil, le foireann de 20 múinteoirí, cuirtear oideachas ar bhreis is 1,000 dalta anois, iad idir 14 agus 30 bliain d'aois.

'Sular tógadh an scoil seo b'éigean do na daltaí taisteal cé acu go Nazareth, 25 ciliméadar ar shiúl, nó go Asela, atá 50 ciliméadar ar shiúl dá mba mhian leo leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais tar éis na bunscoile', a mhíníonn stiúrthóir Mheánscoil Dera, Yadasa Gonfa. 'Mar gheall air seo ní raibh deis ag a lán daoine óga ón gceantar seo dul ar scoil'.

Comhiarracht cheart a bhí i dtógáil na Meánscoile nua i Dera. Chuir an pobal áitiúil leis an tionscadal trí sholáthar láithreán na scoile, trína gcuid saothair, agus trí ranníoc buiséid de thart ar EB15,000 (Birr, airgead na hAetóipe, EB10=€1)

i dtreo chostas na hoibre, trí sholáthar na n-ábhar agus an troscáin don scoil nua. Sholáthair Self Help mórchuid an airgid a theastaigh don obair thógála agus don troscán agus don trealamh a soláthraíodh. Bhí an biúró oideachais áitiúil i mbun an fhoirgnimh nuair a críochnaíodh é agus sholáthair an biúró foireann riaracháin agus teagaisc do Mheánscoil Dera.

I measc na bhfoirgneamh scoile tá ocht seomra ranga, bloc riaracháin, lárionad teagaisc, leabharlann agus dhá shaotharlann. Mar gheall ar an líon mór daltaí a bhíonn ag freastal ar an scoil, tugtar ranganna ar a sealaíocht - bíonn grúpaí difriúla daltaí ag freastal ar ranganna maidine agus tráthnóna.

Tá sé i gceist, mar chuid de thionscadal nua Self Help, Tionscadal Alemtena, meánscoil bhreise a thógáil; cuireadh tús leis an tionscadal seo i réigiún Showa, in oirthear na hAetóipe, i 2004.

## Ceisteanna

1. Léirigh conas a athraíodh na pleananna ag 'toil na ndaoine'.
2. Cén fáth a bhfuil aoisraon daltaí na scoile seo chomh hard, dar leat?
3. Conas a chabhraíonn an 'córas sealaíochta' le déileáil le líon na ndaltaí ar an scoil?
4. Cuir líon na seomraí, na saotharlann srl, i do scoil, i gcomparáid le háiseanna Dera.

# An tAoire Óg ar Scoil

Seo gearrscéal ón Aetóip. Baineann sé leis an traidisiún breá scéalaíochta a chuireann in iúl saíocht agus ciall na ndaoine sin a bhfuil saol simplí á mhaireachtáil acu, a bhfuil grá acu don nádúr agus a bhfuil tuiscint acu ar an saol atá mórthimpeall orthu.

Bhí aoire óg ann fadó a thosaigh ag freastal ar an scoil. Dar leis go raibh a chuid ceachtanna an-deacair agus ba é an ceann ba dheacra ná Mata.

‘Bain 3 ó 5,’ arsa an múinteoir. ‘Cad é an freagra?’

Chroith an buachaill a cheann.

‘Cad é 4 lúide 2?’ arsa an múinteoir. ‘Is cinnte go bhfuil tú in ann an tsuim sin a dhéanamh.’ Ach ní raibh an buachaill ábalta aici.

‘Bhuel,’ arsa an múinteoir. ‘Ba chóir go mbeifeá in ann an sampla seo a thuiscint. Abair go bhfuil cúig chaora agat i do thréad agus go n-imíonn ceann acu léi trí pholl sa chlaí. Cá mhéad caorach a bheidh fágtha agat?’

‘Tá sin éasca,’ arsa an t-aoire óg. ‘Ní bheidh aon cheann fágtha agam.’

‘Conas is féidir leat bheith chomh hamaideach sin?’ arsa an múinteoir.

‘Ní amaideach atá mé,’ arsa an buachaill. ‘Níl mórán cur amach agam ar Mhata ach tá fios mo ghnóthaí agam maidir le caoirigh. Má théann ceann acu trí pholl sa chlaí, leanfaidh na caoirigh eile uile í!’

## Cleachtadh

Tarraing nó péinteáil pictiúr/póstaer leis an scéal seo a léiriú.









# Fiacha Domhanda

Tá 1.2 billiún duine ar fud an domhain ag maireachtáil i gcoinníollacha fíorbhochtanais inniu. Is í an chúis aonair is mó bochtanais ná Fiacha Domhanda. Tá suimeanna móra airgid ag rialtais agus ag bainc na dtíortha is saibhre (m.sh. An Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, An Fhrainc, An Ghearmáin agus an tSeapáin) ar dhaichead de na tíortha is boichte (m.sh. An Aetóip, Gána, An Chéinia, An Mhaláiv).

Ag deireadh 2000 bhí fiacha €280 billiún san iomlán ar thíortha san Afraic; ciallaíonn sin go bhfuil €490 ag na tíortha saibhre ar gach fear, gach bean agus gach leanbh san Afraic. Sa Chéinia ba é an meánioncam per duine i 2000 ná €375; san Aetóip ní raibh ann ach €270.

Mar gheall ar na suimeanna airgid ar gá do na tíortha bochta íoc do thíortha saibhre gach bliain, ní bhíonn go leor airgid fágtha ag na tíortha bochta le caitheamh ar sheirbhísí ríthábhachtacha a chabhraíonn go mór le bochtanas a laghdú – mar shampla, ospidéal agus scoileanna.

Nuair a bhíonn daoine tinn ní bhíonn siad in ann bheith ag obair. Sna tíortha bochta ní bhíonn aon leasa tinnis ná leasa dífhostaíochta ar fáil. Ní bhíonn siad in ann bheith ag obair, mar sin de caillean siad ioncam agus éiríonn siad níos boichte. Níl go leor ospidéal ná dochtúirí ann agus ní bhíonn an t-airgead ag daoine le hÍoc as míochnuite. Sa Mhaláiv tá

dochtúir amháin ann do 50,000 duine. In Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc tá ar a laghad dochtúir amháin ann do gach 500 duine.

Tá daoine áirithe bocht mar go dteastaíonn eolas agus scileanna uathu. Réiteadh oideachas an fhadhb seo, ach níl go leor scoileanna ná múinteoirí ann agus mar sin bíonn na daoine sáinnithe sa bhochtanas. I nGána tá 35% de na daoine neamhliteartha, san Aetóip tá an ráta ag 43%, sa Bhurúin ag 65% agus i mBurkina Faso tá sé ag 81%.

B'éigean do na tíortha bochta gearradh siar ar shláinte agus ar oideachas sa tslí go mbeidís in ann níos mó airgid a chaitheamh ar aisíoc a gcuid fiach. Thug Kofi Annan, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe le fios go gcaitheann a lán tíortha Afracacha suas le 40% ar aisíocaíochtaí na bhfiach. Caitheann an chuid sin den Afraic atá taobh ó dheas den Sahára dhá oiread céanna ag aisíoc fiach agus a

chaitheann ar shláinte agus beagnach oiread céanna is a chaitear ar oideachas.

Téann na fiacha i bhfeidhm orainn uile. Soláthraíonn táirgí nádúrtha príomhfhoinsí ioncaim a lán tíortha bochta, agus is príomhfhoinsí ioncaim é adhmaid leis na fiacha a aisíoc. Dá dheasca sin is mórcheist é an dífhoraoisiú. Cuireann sé le téamh domhanda freisin, agus mar sin ní mór dúinn ráta gearrtha na gcrann a mhoilliú. Dá gcuirfí fiacha ar ceal, ansin d'fhéadfaí foraoiseacha a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe.

Rud fíorphráinneach atá ann do na tíortha bochta ioncam a shaothrú agus i gcásanna áirithe tosaíodh ar dhruaí a fhás le hairgead a shaothrú. Téann na drugaí seo chuig na tíortha saibhre agus cruthaítear fadhbanna móra coiriúlachta dá mbarr. Dá mbeadh feirmeoirí in ann a gcuid talaimh a úsáid le bia a fhás don phobal ina dtíortha féin bheifí in ann dhá fhadhb a réiteach ag an am céanna,

i.e. soláthar sábháilte bia i dtíortha bochta agus níos lú drugaí agus coiriúlachta sna tíortha saibhre.

Dá gcuirfí na fiacha ar ceal ansin bheadh níos mó airgid ag na tíortha bochta le caitheamh ar earraí ó na tíortha saibhre agus chruthófaí níos mó post anseo, agus bheimis uile níos fearr as.

## Cleachtadh

1. Scríobh amhrán le béim a chur ar na fadhbanna a chruthaítear ag fiacha domhanda.
2. Déan póstaer le lucht do scoile a chur ag smaoineamh tuilleadh faoi fhiacha domhanda.
3. Eagraigh feachtas le litreacha a scríobh chuig polaiteoirí faoi cheist na bhfiach domhanda.



Teach bunúsach simplí (An Aetóip)

**Ar ámharáí an tsoil sheachad an córas idirnáisiúnta cabhrach bia agus seachnaíodh líon mór básanna mar gheall ar ocras. Ag Lárionaid bheathaithe de chuid CÉINAP cuireadh cóir leighis ar leanaí míchothaithe agus ar a máithreacha. Ar an drochuair níor réitíodh an fhadhb fós, fadhb atá fréamhaithe go domhain i dtír mar a bhfuil ocras le fáil i measc na flúirse.**

## ***Muintir na hAetóipe i sáinn ag Fáinne Fí***

**I 2002 bhí an Aetóip faoi bhagairt ag an ngorta arís. Bhí 14 mhilliún duine ag fáil bháis den ocras. Ba é an triomach ba chúis leis an ngéarchéim, den chuid is mó.**

Ceiltear na fadhbanna a spreagann an gorta ag na tírdhreacha glasa a bhíonn le feiceáil tar éis fhearthainn an earraigh. Bíonn gorta ann ar na cúiseanna seo: drochinfrastuchtúir, easpa talaimh, daonra iomarcach, easpa forbartha agus airgead a bheith curtha amú ar chogadh leanúnach leis an Eiritré mar gheall ar an teorainn eatarthu agus mar gheall ar thalamh.

Tá an daonra tar éis méadú go 75 milliún agus roinneadh an talamh i gceapacha níos lú, ach níl na scileanna ná an caipiteal ag feirmeoirí lena dhéanamh táirgiúil. Bánaíodh na daoine sin a fuair airgead ar iasacht do shíolta agus d'aoileach ag titim phraghas an chaife – praghasanna a shocraítear ag na comhlachtaí ilnáisiúnta caife.

Nuair a théann an bochtanas in olcas, teipeann ar scileanna bainistithe. Ní féidir le do chomharsa airgead tirim a thabhairt duit ar iasacht a thuilleadh, ná ní féidir le do chol ceathrar farasbarr arbhair Indiaigh a thabhairt duit. Sna tosca sin fágann leanaí an scoil – ní bhíonn beagnach leath acu i seomra ranga ar chor ar bith – rud a fhágann go mbeidh an chéad ghlúin eile i ngleic leis na míbhuntáistí céanna agus atá an ghlúin seo.

### **Ceisteanna**

1. Cad iad na príomhfhadhbanna a chuireann bac ar dhul chun cinn san Aetóip?
2. Cén fáth a mbeidh an chéad ghlúin eile faoi mhíbhuntáiste oiread céanna is atá an ghlúin seo?
3. Conas a théann an fhadhb in olcas mar gheall ar VEIH/SEIF?

Is measa atá an fáinne fí i dtaca le VEIH/SEIF. Tá bia gann agus costasach, agus bíonn ar dhaoine bochta teacht gan bhia d'ardchaighdeán, agus bíonn orthu níos lú bia a ithe. Cuirtear dlús le forbairt SEIF iomlán mar gheall ar easpa próitéine. Nuair a éiríonn daoine tinn a bhfuil SEIF orthu, caitear acmhainní a muintire ar a gcóir leighis.



Tá a lán Afracach ina gcónaí i dtimpeallachtaí géara agus deacra (An Aetóip)

## Cleachtadh

Eagraigh feachtas i do scoil le tacú le díolachán earraí 'Fairtrade' le cinntiú go bhfaighidh feirmeoirí na hAetóipe praghas cothrom ar a gcuid caife.

In áit bheith ag obair tugann Alem Eshete, 14, aire dá mháthair, Tamrayehu, 28, á beathú le spúnóga bracháin. Tá nasc láidir ann idir VEIH agus an t-ocras. I ndeisceart na hAfraice spreagann an víreas an gorta; san Aetóip a mhalairt atá fíor. Le maláire agus galair eile mar bharr ar an donas, fágтар daonra atá lagaithe go hainsealach. Tá rialtas na hAetóipe, ar aon dul lena lán tíortha eile, ag streachailt le déileáil le fadhb VEIH/SEIF. Tá breis is 2 mhilliún duine ionfhabhtaithe agus tá an líon ag dul i méid. Ní réiteofar na fadhbanna seo le bia, is cuma cá mhéad. Níl i mbeathú na mbocht ach chéad chéim aistir atá níos faide ná mar a samhlaíodh.



## Leathán Oibre 3: Fiacha Domhanda

Tá fiacha ollmhóra ar mhórchuid na dTíortha atá faoi Fhorbairt ag an mBanc Domhanda. Leis seo a shárú ní mór dóibh a gcuid acmhainní a dhíol nó aon rud ar leo é.

1. An bhfuil fiacha ortsa? An mbíonn ort rudaí de do chuid a dhíol le do chuid fiach a íoc? Scríobh síos cad é an chéad rud a dhíolfá chun airgead a fháil?

---

---

Cad é an rud deireanach a dhíolfá?  
Nuair nach mbeadh aon rud fágtha agat lena dhíol cad a dhéanfá ansin?

---

Gabh chuig suíomh idirlín U2 go bhfeicfidh tú cad a deir Bono faoi cheist na bhFiach Domhanda.

---

2. San Aetóip is é an meánioncam bliantúil ná €270. Cad é an meánioncam atá agatsa in aghaidh na bliana?

---

Cén t-ioncam a fuair tú, go hachomair, do do Chomhneartú nó do do Chéad Chomaoineach?

---

Déan anailís ar an mbealach inar chaith tú an t-airgead.

3. Léigh faoin bplandlann crann sa Chéinia. An bhfuil polasaí ag do scoilse faoi cheisteanna áitiúla timpeallachta? Cad iad na fadhbanna timpeallachta atá le fáil i do cheantar áitiúil?

---

Déan iarracht fáil amach má tá grúpaí áitiúla timpeallachta ann i do cheantar agus tabhair cuireadh do chuid acu labhairt le do rang tríd an gclár OSPS.

---

Cén sórt gníomhaíochta arbh fhéidir leat tabhairt fúithi le tacú lena gcuid oibre?

---

4. Baineann an Chéinia úsáid as an turasóireacht le hioncam a fháil.

(a) Déan taighde faoin sórt laethanta saoire a d'fhéadfadh a bheith agat sa Chéinia. Ó bhróisiúir ó áiteanna saoire eile san Afraic, an dóigh leat go bhfaighfeá pictiúr cruinn de na tíortha seo trí dhul ar saoire den chineál seo?

---

---

Mínigh do fhreagra le grianghraif agus le fíricí ó bhróisiúir shaoire. Cé hiad is mó a bhaineann tairbhe as an gcineál seo turasóireachta, dar leat?

---

(b) Cad is 'Ecotourism' ann?

---

# Cur chuige Traschuraclaim

EOLAÍOCHT	TÍREOLAÍOCHT	EACNAMAÍOCHT
Staidéar na ngalar agus na víreas VEIH/SEIF	Dáileadh an rachmais sa domhan agus an ceangal idir seo agus an t-oideachas. Leathnú na ngalar, m.sh. VEIH, agus stádas eacnamúil na dtíortha.	Iarmhairt agus costas na drochshláinte nó na ndrochnósanna ar an ngeilleagar, m.sh. caitheamh tobac.
Fionnachtana a chuir feabhas ar shláinte na ndaoine, mar shampla teirmiméadair.	Leibhéil oideachais agus lonnú tionscail ar fud an domhain	Tábhacht an oideachais d'fhorbairt eacnamúil, m.sh. an Tíogar Ceilteach
Forbairt na míochnuithe, m.sh. antaibheathaigh agus an éifeacht ollmhór a bhíonn acu ar chóir leighis ghalair.		An chúis atá le lonnú 'siopaí allais' i dtíortha bochta agus i dtíortha atá faoi fhorbairt.
Leigheasanna luibhe		
Leigheasanna traidisiúnta		
EALAÍN	CEOL	BÉARLA
Coláis íomhánna de dhaoine sona sláintiúla ó áiteanna ar fud an domhain	Ceol a úsáidtear i bhfógraí do bhia.	Díospóireacht: 'Is ionann sláinte agus rachmas.'
Staidéar ar obair ealaíne agus ar íomhánna a úsáidtear i leabhair scoile	Scríobh amhrán faoi shaol na scoile	Déan staidéar ar ról an ghalair sa litríocht
Fógraí a dhírítear ar dhaoine óga		Scannáin/físeáin a thaispeánann ról an mhúinteora, m.sh. 'Goodbye Mr. Chips,' 'Finding Forrester', Tom Brown's Schooldays'."
GAEILGE	MATA	STAIR
Scoileanna cois claí	Cóimheasanna daoine agus áiseanna sláinte	Na Péindlithe agus cúrsaí oideachais in Éirinn.
Nósanna agus leighis traidisiúnta in Eirinn	Cóimheasanna daoine agus áiseanna oideachais	Athruithe socialta agus forbairt de na córais oideachais san Eoraip.
Scéalta faoi scoil e.g. "Jimín Mháire Thaidhg" ar scoil	Staidéar den tuarascáil OECD do chúrsaí sláinte agus oideachais san Eoraip	Tionchar na cóilineachta san Afraic.
	Figiuírí daonáirimh a léiríonn fás/titim an daonra agus an tslí ina dtéann sin i bhfeidhm ar an ngeilleagar	

## 20 bliain de Self Help

Ó bunaíodh Self Help i 1984 chuir an eagraíocht líon mór tionscadal forbartha i bhfeidhm san Aetóip, san Eiritré, sa Mhaláiv, in Uganda agus sa Chéinia. Thacaigh sé freisin le roinnt tionscadal níos lú sna tíortha seo agus in áiteanna eile san Afraic. Caitheadh thart ar €15 mhilliún ag an eagraíocht le linn na tréimhse seo, ó phointe tosaigh de €10,000 i 1984. Ba é príomhbhéim na hoibre thar an tréimhse 20 bliain seo ná cabhrú le pobail thuaithe féindóthain a bhaint amach sa bhia agus cabhrú leo bheith in ann leanúint ar aghaidh mar sin ar bhonn bliantúil.

Chuir Self Help agus a lucht tacaíochta go mór le saol breis is 2 mhilliún duine i gceantair thuaithe ar fud na hAfraice. Tá a mhodh oibre agus a fhoirmle ratha ina mhúnla anois atá á úsáid ag eagraíochtaí eile. Foghlaimíodh ceachtanna ar an mbealach agus cuireadh Self Help in oiriúint le glacadh le hathruithe. Is iad na bunphrionsabail i gcónaí ná 'Úinéireacht, Comhpháirtíocht & Tógáil Acmhainne Áitiúla', agus mhúnlaigh na prionsabail seo an bealach a ndeachaíomar i mbun oibre ón tús.

Tá fadhb ollmhór bhochtanaís ann i ndomhan an lae inniu fós, go háirithe sa chuid sin den Afraic atá taobh ó dheas den Sahára. Faoi mar atá léirithe againn sa leabhar seo, is san Afraic is mó atá constaicí le fáil i dtaca le sárú an bhochtanaís. Tháinig dúshlán nua chun cinn a mhéadaíonn deacrachtaí na streachailte in aghaidh an bhochtanaís, agus is í an deacracht is mó acu ná VEIH/SEIF, atá tar éis dul i

bhfeidhm ar bhealach tubaisteach ar an Afraic.


In ainneoin na ndúshlán seo agus mar fhreagra orthu, tá lucht Self Help in ann aghaidh a thabhairt ar an todhchaí agus é ar eolas acu go bhfuil sé léirithe go soiléir acu go bhfuil siad éifeachtach agus in ann dul i ngleic le fadhbanna an bhochtanaís sna tíortha ina mbíonn an eagraíocht ag feidhmiú. Tá foireann dhea-cháilithe, thiomnaithe, agus le taithí, againn, a bhfuil rún daingean acu a gcuid cuspóirí a bhaint amach, agus tá tacaíocht le fáil againn ó chroighrúpa comhpháirtithe agus tacadóirí sa phróiseas.



Soláthar bia sábháilte, daoine sona sláintiúla (An Aetóip)



## Ar fáil sa sraith seo freisin



Féach thall chun teangmháil a dhéanamh le Self Help

Bí i dteagmháil le Self Help ag:  
Self Help Development International,  
Baile Haicéad, Co. Cheatharlaigh,  
Éire.

Teil: 059-6471175

Facs: 059-6471292

R-phost: [info@selfhelp.ie](mailto:info@selfhelp.ie)

Suíomh Idirlín: [www.selfhelp.ie](http://www.selfhelp.ie)



SELF HELP  
**Africa  
Alive**



**Irish Aid**  
Department of Foreign Affairs  
An Roinn Gnóthaí Eachtracha



Foras na Gaeilge